

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2023



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA  
POLICING AUTHORITY

# Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Póilíneachta 2023

De réir alt 62O(1)

d'Acht an Gharda Síochána, 2005 (arna leasú), agus i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

## Clár Ábhar

Brollach ón gCathaoirleach.....	i
Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach ar an mBliain .....	iv
Athbhreithniú an Údaráis Póilíneachta 2023 .....	1
1. An obair a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta .....	2
2. Dul Chun Cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha.....	6
3. Gné-Alt: Cineál Athraitheach na Sochaí, na Póilíneachta agus na Formhaoirseachta .....	15
4. Rialachas agus Struchtúr .....	18
5. Faisnéis Airgeadais 2023.....	30
Aguisín 1 – Stádas na dTosaíochtaí Corparáideacha don bhliain 2023 ag an 31 Nollaig 2023 .....	33
Aguisín 2 – Staitisticí Comórtais le haghaidh Cheapacháin Shinsearacha an Gharda Síochána 2023.....	44
Aguisín 3 – Tuarascáil Airgeadais Achoimre 2023 .....	45
Aguisín 4 – Ráiteas an Chathaoirligh faoi Rialú Inmheánach .....	46
Aguisín 5 – Úsáid Fuinnimh 2023 .....	51

*“....bunú agus feidhmeanna comhlachta ar a dtabharfar an tÚdarás Póilíneachta nó, sa Bhéarla, the Policing Authority chun maoirseacht a dhéanamh ar an nGarda Síochána do chomhlíonadh na bhfeidhmeanna dá chuid a bhaineann le seirbhísí póilíneachta.”*

*An reachtaíocht lenar bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta*

## Brollach ón gCathaoirleach



De réir mar a ullmhaíonn an tÚdarás do ré nua, agus é ag aistriú ina Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail sa bhliain 2024, tá údar ann le machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus éachtaí an Údaráis sa bhliain 2023. Ní fhéadfaí machnamh den sórt sin a dhéanamh gan aitheantas a thabhairt ar dtús don obair a rinne na hiar-Chomhaltaí den Údarás agus a iar-Chathaoirleach, a chríochnaigh a dtéarmaí oifige an 31 Nollaig. Gabhaim buíochas ó chroí leis an Dr Moling Ryan, le Valerie Judge, agus le Bob Collins, iar-Chathaoirleach an Údaráis, ar threoraigh a gcuid dúthrachta agus ceannaireachta sinn le linn tréimhse inar bhaineamar sáréachtaí agus sárfhás amach mar Údarás. Táimid sa dara bliain den straitéis trí bliana uainn anois, agus leanamar le dul chun cinn a dhéanamh in aghaidh na gcuspóirí faoi gach ceann de na cúig théama straitéiseacha. Tá roinnt de na héachtaí suntasacha ina leith sin mar a leanas:

- **Póilíneacht phobaldírithé:** leanamar le caidreamh a dhéanamh le pobail mar chuid lárnach dár n-obair formhaoirseachta trí éisteacht le pobail shonracha faoina dtuairimí ar an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána.
- **Póilíneacht éifeachtach:** dhíríomar formhaoirseacht ar phríomhréimsí, lena áiríodh cearta an duine agus nithe a bhaineann le hiompar agus araíonacht gardaí, agus freagairt do mhí-úsáid ghnéasach leanaí.
- **Ionracas an Gharda Síochána agus cearta an duine:** leanamar lenár gcuidreamh dírithe leis an nGarda Síochána i ndáil le raon leathan saincheistean ionracais, lena áiríodh araíonacht, fionraí, nochtadh cosanta, bainistíocht feidhmíochta agus frithéilliú.
- **Formhaoirseacht eolach ina ndéantar caidreamh leis an bpobal ar nithe póilíneachta:** rinneamar caidreamh le 74 cinn de ghrúpaí agus d'eagraíochtaí agus le 74 cinn d'aonaid agus stáisiúin an Gharda Síochána, agus d'fhreastalaíomar ar dheich gcruinniú de chuid Comhchoistí Póilíneachta.
- **Stiúradh trí athruithe:** leanamar le caidreamh gníomhach a dhéanamh le grúpaí stiúrtha na Roinne Dlí agus Cirt agus le Cigireacht an Gharda Síochána i ndáil le haistriú an Údaráis ina Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail.

Seoladh gníomhaíochtaí suntasacha oibre lena cuireadh leis na téamaí straitéiseacha sin sa bhliain 2023. Ceann amháin díobh sin ba ea an t-eolas is deireanaí a fuarthas ar an Scrúdú ar Athbhreithniú an Gharda Síochána ar Theagmhais Seolta Ríomhchuidithe (seoladh ríomhchuidithe 999) a Dhúnadh (agus a Chealú). San eolas sin, a fuarthas i mí an Mheithimh, tugadh tuairisc ar ghníomhaíochtaí breise um éisteacht le glaonna a seoladh i mí Eanáir agus i mí na Bealtaine 2023. Ina theannta sin, i dtuarascáil deiridh a foilsíodh i mí Eanáir 2024, tugadh barúlacha i ndáil le stádas chur chun feidhme na 16 mholadh a bhí sa tuarascáil bhunaidh a foilsíodh sa bhliain 2022. Tugadh le fios san eolas is deireanaí a fuarthas ón Uas. Penman go raibh 12 cheann de na moltaí sin curtha chun feidhme, go raibh trí cinn díobh curtha chun feidhme go páirteach agus nach raibh ceann amháin díobh curtha chun feidhme go fóill. Agus cuid mhór de na moltaí sin curtha chun feidhme go dtí seo, is léir go bhfuil an Garda Síochána agus an tÚdarás tiomanta dá chinntiú go gcuirfear na moltaí sin chun feidhme ina n-iomláine.

Mar sin féin, bhí fionnachtana ar ábhair inní iad freisin san athbhreithniú deiridh a rinne an tUas. Penman i mí na Nollag. Cuireadh in iúl sa tuarascáil sin, a foilsíodh i mí Eanáir 2024, gur tharla sé, tar éis Tuarascáil maidir le Measúnú Drochthionchair a fhoilsiú, go raibh 37 gcás ann inar tharla díobháil fhisiciúil. Ba léiriú é sin ar na deiseanna a chaill an Garda Síochána chun an gealltanais uaidh “daoine a choinneáil sábháilte” a

chomhlíonadh. Ina theannta sin, cé go raibh na fionnachtana ón eolas is deireanaí dearfach, tríd is tríd, tharraing an tUas. Penman aird ar an easpa rochtana ar éisteacht bheo le glaonna. Chuir sé sin cosc ar an Údarás a lán feabhsuithe móra a fheiceáil ar láimhseáil glaonna, agus is léiriú é ar dheis chailte eile chun daoine a chur ar a suaimhneas faoin dul chun cinn a rinneadh. Leanfaidh an tÚdarás le faireachán a dhéanamh ar na ceithre mholadh nár cuireadh chun feidhme ina n-iomláine go fóill.

Réimse eile ar leag an tÚdarás díriú straitéiseach air ar fud na bliana ba ea iompar agus araíonacht gardaí. Tá sé ríthábhachtach, ar mhaithe le muinín an phobail, go mbeadh córas láidir ann le haghaidh an caighdeán iompraíochta a bhfuiltear ag súil leis ó chomhaltaí den tseirbhís póilíneachta a leagan síos agus a chur in iúl agus le haghaidh déileáil le daoine aonair nach gcomhlíonann a n-iompraíocht na caighdeán sin. Chuaigh an tÚdarás i mbun díospóireacht mhionsonraithe arís agus arís eile leis an gCoimisinéir ar roinnt nithe a bhaineann le haraíonacht, lena áiríodh na próisis agus na nósanna imeachta reatha, na rialacháin atá ann cheana, agus stádas a n-athbhreithniúcháin agus a leasaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt. Cuireadh in iúl freisin sa Mheasúnú ar Fheidhmíocht Póilíneachta 2023 gurb amhlaidh, cé go bhfuil córais agus beartais le haghaidh bainistíocht feidhmíochta i bhfeidhm do chomhaltaí den Gharda Síochána, nach ndearnadh aon dul chun cinn fiúntach go fóill ar chultúr bainistíochta feidhmíochta a leabú san eagraíocht. Cuid lárnach den obair atá ar bun ag an Údarás ar araíonacht agus ionracas an fhórsa saothair is ea dul i ngleic le heasnamh i gcultúr den sórt sin.

Ní fhéadfaí machnamh iomlán a dhéanamh ar an mbliain 2023 gan trácht a dhéanamh ar an gcorraíl shibhialta a chonacthas ar fud na bliana, ar corraíl í a leanann le tionchar a imirt ar fhreagrachtaí formhaoirseachta an Údaráis. Sa bhliain 2023, ba i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin a tháinig méadú 101% ar an líon agóidí, a raibh níos mó ná aon trian díobh de chineál frith-imirceach, de réir sonraí tuairiscithe. Thuairiscigh an Garda Síochána, áfach, gur síochánta a bhí “formhór mór” na n-agóidí uile sa bhliain 2023. Rinne an tÚdarás caidreamh le Coimisinéir an Gharda Síochána roinnt uaireanta, a thug faoi deara a chasta atá na saincheisteanna a bhaineann le hagóidí, na teannais agus na hachrainn ghaolmhara a dteastaíonn freagairt póilíneachta ina leith, agus an tionchar iarmhartach ar acmhainní an Gharda Síochána chun freagairt agus a leordhóthanaí atá na hacmhainní sin.

Mar aon leis an méadú ar an líon agóidí, bhí 13 ionsaí coirloiscithe ann ar réadmhaoine a leithdháileadh, nó a raibh sé beartaithe iad a leithdháileadh, ar Sheirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta sa bhliain 2023. Tharla seacht gcinn de na hionsaithe sin idir an 23 Samhain agus an 31 Nollaig, mar a tuairiscíodh sna meáin ag an am.

Mar gheall ar an athrú sin ar fhreagairt na sochaí do dhúshlán, tháinig athrú cheana féin ar an dóigh a bhfreagraíonn an Garda Síochána d’imeachtaí spontáineacha oird phoiblí agus ar fhreagrachtaí formhaoirseachta an Údaráis. Leanfar ar aghaidh sa bhliain 2024 leis an mbéim láidir formhaoirseachta a chuirtear ar an dóigh a bhfreagraíonn an Garda Síochána d’imeachtaí oird phoiblí. Sa bhliain 2024, cuirfidh an tÚdarás comhairle ar an Aire Dlí agus Cirt maidir le bealaí ina bhféadfaí feabhas a chur ar fheidhmíocht póilíneachta agus tacú le gardaí agus a gcuid cumhachtaí dleathacha á bhfeidhmiú acu le linn imeachtaí oird phoiblí.

Tréimhse athruithe don Údarás a bheidh sa bhliain atá romhainn, de réir mar a ullmhaímíd dár n-aistriú inár nÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail. I mí Feabhra 2024, síníodh an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, ina dhlí. Bunófar Údarás nua Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail ag a mbeidh feidhmeanna an Údaráis Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána. Beag beann ar an aistriú suntasach sin, leanfaimid lena chinntiú go dtabharfar tús áite d’fhormhaoirseacht go fóill i bpleanáil oibre. Mar a tharlaíonn i gcónaí, ní bheimis in ann gabháil go rathúil do dhianghníomhaíochtaí formhaoirseachta den sórt sin ná ár gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh gan tiomantas ná gairmiúlacht an Phríomhfheidhmeannaigh

agus a comhghleacaithe. Is mian liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí eile den Údarás as a ndúthracht agus a n-obair chrua le linn bliain gan fasach freisin.

A handwritten signature in black ink, appearing to read 'Elaine Byrne', with a long, sweeping tail extending downwards.

**An Dr Elaine Byrne BL**  
**Cathaoirleach**  
**31 Márta 2024**

## Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach ar an mBliain



San obair a rinne an tÚdarás Póilíneachta le linn na bliana 2023, leanadh le béim láidir a chur ar fhormhaoirseacht ag am ina raibh freagairtí sofhreagrúla ag teastáil do na cásanna athraitheacha casta ar tháinig an Garda Síochána agus, dá réir sin, an tÚdarás orthu. Ar fud na bliana, chruthaigh agóidí agus úsáid na meán sóisialta dúshlán do chomhtháthú pobail, do fhreagairtí póilíneachta agus d'fhormhaoirseacht póilíneachta. Beag beann ar na dúshlán sin, lean an tÚdarás Póilíneachta le caidreamh gníomhach a dhéanamh le pobail agus geallsealbhóirí ar fud na tíre, lenar áiríodh cruinnithe poiblí a

thionól i bPort Láirge, i Maigh Eo, i Lú agus i gCathair Bhaile Átha Cliath. Bhí tionchar díreach dearfach ag an gcaidreamh gníomhach fiúntach sin ar na topaicí díospóireachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisinéara agus a chomhghleacaithe sinsearach le linn chruinnithe an Údaráis. Áirítear iad seo a leanas le samplaí eile den chaidreamh a rinneamar le linn na bliana:

- Cruinnithe le 10 gcinn de Chomhchoistí Póilíneachta/de Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail ar fud na hÉireann;
- Cuairteanna ar 74 cinn d'aonaid agus stáisiúin an Gharda Síochána;
- 74 chruinniú le grúpaí agus eagraíochtaí geallsealbhóirí;
- 17 Gcruinniú de chuid an Údaráis, a raibh 6 cinn díobh ina gcruinnithe neamhsceidealta agus ar seoladh sé cinn díobh go poiblí;
- 16 Chruinniú Coiste.

Mar aon le himeachtaí caidrimh lenar cuireadh bonn eolais faoi fhormhaoirseacht, d'oibríomar freisin i dtreo ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach trí mhodhanna réamhghníomhacha amhail iad seo a leanas:

- páirt a ghlacadh sa Scéim 'Bunchlocha Nua' de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn, chun tacú le beartas agus straitéisí fianaisebhunaithe i ndáil leis an bpóilíneacht agus sábháilteacht pobail;
- taighde a choimisiúnú agus a sheoladh ina n-iniúchtar an t-eispéireas leis an bpóilíneacht agus na dearcthaí i leith na póilíneachta laistigh de Phobail Afracacha agus Bhrasaíleacha in Éirinn;
- comhscéim taighde a sheoladh i gcomhar leis an nGarda Síochána maidir le folláine phearsanra an Gharda Síochána, agus conradh a dhámhachtain do Jane Gordon Uas. chun Creat um Chearta an Duine le haghaidh Formhaoirseacht agus Cigireachtaí Póilíneachta a fhorbairt don Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail;
- an Creat agus an Plean Cur Chun Feidhme faoi Alt 42 uainn don tréimhse 2023-2024 a fhoilsiú agus tús a chur le hé a chur chun feidhme.

Is féidir anailís níos mine ar dhul chun cinn in aghaidh na gcuspóirí straitéiseacha a fháil i rannán 3 den tuarascáil seo. Tá an dul chun cinn ar ár dtosaíochtaí corparáideacha a chomhlíonadh leagtha amach in aguisín 1. Tháinig an tÚdarás cúig fhoilseachán sa bhliain 2023 freisin, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- Measúnú ar Fheidhmíocht Póilíneachta 2022;
- An t-eolas is deireanaí ar an scrúdú ar athbhreithniú an Gharda Síochána ar theagmhais seolta ríomhchuidithe a dhúnadh;
- 'What We Heard', ar tuarascáil í ar an gcaidreamh a rinne an tÚdarás le geallsealbhóirí sa bhliain

2022;

- Measúnú lárbhlíana ar Fheidhmíocht Póilíneachta 2023;
- Tuarascáil Bhliantúil 2022.

Gné dár gcuid oibre arís eile i mbliana ba ea an ról tábhachtach atá againn i ndáil le ceapacháin shinsearacha laistigh den Gharda Síochána agus i ndáil le hacmhainní an Gharda Síochána. Seoladh comórtais roghnúcháin do chéimeanna Ard-Cheannfoirt agus Ceannfoirt agus bunaíodh painéil óna ndearnadh ceapacháin shinsearacha agus óna leanfar le ceapacháin shinsearacha a dhéanamh le linn na bliana 2024. Seoladh comórtas do ról an Leas-Choimisinéara freisin. Níor tugadh cuireadh d'aon iarrthóir freastal ar agallamh deiridh de bhun an phróisis sin, áfach, agus cuireadh an próiseas i gcrích.

Rinne an tÚdarás 44 cheapachán shinsearacha san iomlán laistigh den Gharda Síochána nó cheadaigh sé iad: Coimisinéir Cúnta amháin, deichniúr Ard-Cheannfort, 28 gCeannfort, agus cúigear ball foirne sinsearach de chuid an Gharda Síochána. Ina theannta sin, i mí Eanáir 2023, choimisiúnaigh an tÚdarás Póilíneachta The Performance Partnership chun tús a chur le tionscadal um jabanaílís agus samháltú inniúlachta do na trí chéim mar Cheannfort, mar Ard-Cheannfort agus mar Choimisinéir Cúnta. Tá sé i gceist go gcuirfidh aschuir an tionscadail shuntasáigh sin feabhas ar cháilíocht na bhfeachtas earcaíochta agus ardú céime amach anseo trína chinntiú go léireofar i jabthuiriscí agus in inniúlachtaí gaolmhara doimhneacht agus leithead na hoibre ar fud na dtrí chéim, rud a chumasóidh measúnú cuimsitheach ar iarrthóirí amach anseo. Táthar ag súil leis go gcuirfean an creat nua inniúlachta i gcrích sa bhliain 2024 agus go mbeidh sé in úsáid do chomórtais a reáchtálfar sa bhliain sin.

Le linn na bliana 2023, leanamar le caidreamh a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta ó Thuaisceart Éireann, ó Shasana, ó Albain, ón mBreatain Bheag, ó Cheanada, agus ó na Stáit Aontaithe. Bhí sé sin ina chleachtadh tábhachtach maidir le foghlaim ó na nithe a dhéanann daoine eile, maidir le naisc idirnáisiúnta a chothabháil, agus maidir le scanadh ionchais a dhéanamh chun teacht ar bhealaí ina bhféadfaí feabhsuithe agus dul chun cinn a dhéanamh ar fhorghairseacht póilíneachta. Bhí an scanadh ionchais sin ina chúram ríthábhachtach maidir le hullmhú dár n-aistriú inár nÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail freisin. Achtaíodh an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, an 7 Feabhra 2024. Tabharfaidh ár n-aistriú ón Údarás Póilíneachta inár nÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail deis uathúil dúinn formhaoirseacht agus cigireacht a chomhcheangal. Tabharfaidh sé deis freisin coincheap ceannródaíoch a shaothrú le haghaidh formhaoirseacht póilíneachta. Tá súil againn go gcuirfidh sé feabhas ar chuntasacht póilíneachta agus, ar deireadh, go mbreiseoidh sé an tseirbhís póilíneachta a sholáthraítear don phobal.

Tháinig dúshláin bhunúsacha chun cinn i mbliana de réir mar a d'ullmhaíomar don athrú sin agus mar a choinníomar gnáthoibríochtaí formhaoirseachta agus gnó mar is gnách ar bun. A bhuí le hobair chomhtháite foirne agus iarrachtaí comhchoiteanna na foirne feidhmiúcháin agus an Údaráis, d'éirigh linn na hathruithe a láimhseáil go héifeachtach, agus leanúnachas oibríochtaí á chinntiú an tráth céanna. Bhí ríthábhacht ag baint lena ndúthracht maidir leis an aistriú i dtreo an eintitis nua formhaoirseachta a éascú, agus táim buíochas a ndíograis agus a dtiomantas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an nGarda Síochána, le Cigireacht an Gharda Síochána agus leis an Roinn Díl agus Cirt as a gcomhar le linn na bliana.

Mar fhocail scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair luachmhar a rinne Valerie Judge agus an Dr Moling Ryan, iarchomhaltaí den bhord, agus Bob Collins, iar-Chathaoirleach, a raibh ról lárnach acu maidir leis an rath a bhainamar amach le linn bhlianta a dtéarmaí mar gheall ar an treoir a thug siad agus ar an rannchuidiú a rinne siad.



**Helen Hall**  
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**  
**31 Márta 2024**





# ATHBHREITHNIÚ AR AN mBLIAIN 2023

**17**  
gCRUINIÚ DEN ÚDARÁS

**16**  
CHRUINIÚ COISTÍ

**4**  
IMEACTH

**5**  
FHOILSEACHÁN

## ÉISTEACTH LE POBAIL

Sa bhliain 2023, lean an tÚdarás Póilíneachta dá thiomantas daingean do thrédhearcacht, cuntasacht agus sármhaitheas sa phóilíneacht a chothú. Ar fud na bliana, rinne an tÚdarás caidreamh gníomhach le pobail agus le geallsealbhóirí chun tuiscint a ghnóthú ar a n-eispéireas le póilíneacht agus ar na dúshláin agus éachtaí leanúnacha i sábháilteacht an phobail.

## CEAPACHÁIN

**1** CHOIMISINÉIR CHÚNTA

**10** nARD-CHEANNFORT

**28** gCEANNFORT

**5** BHALL FOIRNE SHINSEARACHA DEN GHARDA SÍOCHÁNA

## AN CAIDREAMH A THACAÍONN LENÁR bhFORMHAOIRSEACTH

**74**

CINN D'AONAIID AGUS STÁISIÚIN AN GHARDA SÍOCHÁNA

**74**

CINN DE GHRÚPAÍ AGUS D'EAGRAÍOCHTAÍ

**10**

gCINN DE CHOMHCHOISTÍ POILÍNEACHTA/ DE CHOMHPHÁIRTIOCHTAÍ SÁBHÁILTEACHTA POBAIL



## FAISNÉIS FAOIN EAGRAÍOCHT



€3.389M OLLCHAITEAC HAS IOMLÁN



35 FHOSTAÍ



2 CHOMHALTA NUA DEN ÚDARÁS

## PRÍOMHRÉIMSI FORMHAOIRSEACHTA



SEIRBHÍS ÉIGEANDÁLA 999



POILÍNEACTH OIRD PHOIBLÍ



EARCAÍOCHT AGUS ACHMHAINNÍ DAONNA



POILÍNEACTH AR BHÓITHRE



IOMPAR AGUS ARAIONACTH



MÍ-ÚSÁID GHNÉASACH LEANAÍ



POILÍNEACTH POBAIL

## TAIGHDE AGUS FORBAIRT



POILÍNEACTH GRÚPAÍ MIONLAIGH IN ÉIRINN



CREAT UM CHEARTA AN DUINE A FHOIRTEAR CHUN EOLAS A DHÉANAMH D'FHORMHAOIRSEACTH POILÍNEACHTA AGUS DO CHIGIREACHTAÍ POILÍNEACHTA

# 1. An obair a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an tÚdarás Póilíneachta a bhfuil ról ríthábhachtach aige i bhformhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána le linn dó seirbhísí póilíneachta a sholáthar in Éirinn. Bunaíodh é an 1 Eanáir 2016 le hachtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015 (an tAcht), ar acht é lena leasaítear Acht an Gharda Síochána, 2005.

I mí Feabhra 2024, síníodh an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 (an tAcht), ina dhlí. Is é an toradh a bheidh ar an Acht sin ná go gcuirfear na moltaí ón tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn chun feidhme. Toradh eile a bheidh air is ea go dtiocfaidh athrú ar ról an Údaráis. Tá sé beartaithe Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail a bhunú, rud arb é a bheidh i gceist leis cuid mhór de na feidhmeanna atá ag an Údarás Póilíneachta agus ag an nGarda Síochána a chónascadh. Cinnteoidh na hathruithe sin go mbeidh an creat formhaoirseachta don phóilíneacht comhleanúnach agus go gcothófar leis cuntasacht shoiléir éifeachtach, agus feabhas á chur ar an bpóilíneacht ar deireadh. Tríd an ról nua formhaoirseachta sin, beidh an tÚdarás nua ann chun cabhrú le torthaí póilíneachta den chéad scoth a bhaint amach do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail in Éirinn. Go dtí go dtosófar an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, áfach, ní bheidh aon athrú ann ar fheidhmeanna reachtúla reatha an Údaráis Póilíneachta ná ar an ról formhaoirseachta reatha atá aige.

Oibríonn an tÚdarás thar cheithre phríomhréimse atá leagtha amach thíos. Freagracht de chuid an Rialtais nó de chuid an Aire Dlí agus Cirt a bhí i gcuid de na feidhmeanna sin roimhe seo. Tá an raon iomlán feidhmeanna le fáil ar [shuíomh Gréasáin](#) an Údaráis.

## Formhaoirseacht ar an bPóilíneacht

Is é príomhfheidhm an Údaráis Póilíneachta ná formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta a sholáthar. Déanaimid an méid sin ar roinnt bealaí, lena n-áirítear ar na bealaí seo a leanas:

- Tosaíochtaí Póilíneachta bliantúla agus spriocanna feidhmíochta bliantúla a leagan síos don Gharda Síochána;
- Ráiteas Straitéise trí bliana an Gharda Síochána agus Plean Póilíneachta Bliantúil an Gharda Síochána a cheadú;
- Cruinnithe míosúla a thionól le Coimisinéir an Gharda Síochána, lena n-áirítear ceithre chruinniú phoiblí a thionól gach bliain, faoi mar a cheanglaítear le reacht;
- Foinsí neamhspleácha fianaise a thógáil chun feidhmíocht a mheasúnú trí chaidreamh le raon leathan geallsealbhóirí;
- Socruithe agus sásraí laistigh den Gharda Síochána a athbhreithniú;
- Tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt agus comhairle a thabhairt dó nó di de réir mar a eascraíonn sé sin as feidhmeanna an Údaráis agus arna iarraidh sin; agus
- Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na bearta arna ndéanamh ag an nGarda Síochána i ndáil le moltaí arna dtabhairt i dtuarascálacha ó Chigireacht an Gharda Síochána agus i dtuarascálacha tríú páirtí eile.

Cé go bhfuil an tÚdarás freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann an Garda Síochána a chuid seirbhísí póilíneachta, is amhlaidh, faoi alt 26(3) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, atá Coimisinéir an Gharda Síochána cuntasach don Aire Dlí agus Cirt maidir le feidhmeanna an Choimisinéara agus feidhmeanna an Gharda Síochána a chomhlíonadh.

## Ceapacháin

Déanann an tÚdarás raon gníomhaíochtaí a ghabháil de lámh a bhaineann le pearsanra sa Gharda Síochána a roghnú agus a cheapadh, amhail:

- Daoine a ainmniú lena gcheapadh ag an Rialtas chuig post Choimisinéir an Gharda Síochána agus post Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána;
- Comórtais roghnúcháin a ghabháil de lámh le haghaidh ceapacháin chuig céimeanna sinsearacha Leas-Choimisinéara, Ard-Cheannfoirt, agus Ceannfoirt, agus ceapacháin a dhéanamh chuig na céimeanna sinsearacha sin agus chuig poist shinsearacha choibhéiseacha i bhfoireann an Gharda Síochána.

Déanann an tÚdarás formhaoirseacht freisin ar raon feidhmeanna eile a bhaineann le pleanáil fórsa saothair, earcaíocht, arduithe céime agus oiliúint ag an nGarda Síochána.

## Feasacht an Phobail agus Caidreamh leis an bPobal

Bíonn ardmheas ag an Údarás Póilíneachta ar an trédhearcacht chun an fheasacht ar fheidhmíocht póilíneachta agus saincheisteanna gaolmhara a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne agus páirtithe leasmhara eile.

Déanann an tÚdarás cumarsáid agus caidreamh go díreach le príomh-gheallsealbhóirí chun foghlaim faoi ionchais agus eispéiris, agus chun aiseolas a fháil ina leith, rud a chabhraíonn linn inár gcuid oibre, agus cuireann sé comhairliúcháin ar siúl leis an bpobal i gcoitinne freisin.

Chun an méid sin a bhaint amach, déanann an tÚdarás cruinnithe agus imeachtaí eile a thionól go poiblí. Ina theannta sin, tá an tÚdarás tiomanta do chlár oibre agus miontuairiscí chruinnithe an Údaráis, tuarascálacha agus ábhar ábhartha eile a fhoilsiú ar ár suíomh Gréasáin.

## Taighde

Tosaíocht thábhachtach de chuid an Údaráis Póilíneachta is ea cur leis an gcnuasach eolais atá ann maidir leis an bpóilíneacht in Éirinn, an dea-chleachtas a shainnithint, agus rannchuidiú leis an tagarmharcáil náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Baintear an méid sin amach trí thaighde inmheánach a ghabháil de lámh chun tacú le feidhmeanna reachtúla agus tosaíochtaí corparáideacha na heagraíochta. De rogha air sin, féadfaidh an tÚdarás tionscadail taighde a choimisiúnú nó cabhrú leo maidir le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. Áirítear leis sin Sparánacht Taighde a sheoladh, agus acmhainní á gcur ar fáil chun tionscadal nó tionscadail lena gcumhdófaí téamaí taighde arna roghnú ag an Údarás a chistiú.

Chomh maith leis sin, tógann an tÚdarás líonraí le páirtithe eile i réimsí na póilíneachta agus na formhaoirseachta sa tír seo agus i dtíortha eile, lena n-áirítear comhlachtaí formhaoirseachta, forais acadúla agus taighde, agus geallsealbhóirí eile.

# Misean

An Garda Síochána a choinneáil cuntasach ar bhealach cothrom trédhearcach chun leas gach duine, go háirithe na daoine is soghonta.

# Fís

Seirbhís póilíneachta atá eiticiúil, éifeachtach agus bunaithe ar chearta an duine agus as a bhfuil muinín ag na daoine a bhfreastalaíonn sí orthu, ar daoine iad a bhíonn ag éirí níos éagsúla i gcónaí, agus a thuilleann an mhuinín sin.

# Luachanna

## Neamhspleáchas

Comhlíonaimid ár bhfreagrachtaí gan faitíos ná fabhar, agus sinn ar an eolas faoin ngá le neamhspleáchas a chothabháil ó thaobh smaointeoireachta agus gníomhaíochta de, ar mhaithe le freastal ar an bpobal ar an tslí is fearr.

## Éisteacht

Téimid i dteagmháil le heagraíochtaí agus déanaimid caidreamh lenár bpobail. Mar chuid den tseirbhís a sholáthraímid don phobal, lorgaimid go gníomhach guthanna nach gcloistear go minic, guthanna leanaí ina measc, agus éistimid leo chun tuiscint a ghnóthú ar an eispéireas fforshaoil leis an bpóilíneacht.

## Dírithhe ar an bPobal

Bíonn ár n-iarrachtaí dírithe ar fhorghoirseacht a dhéanamh ar bhealach atá oscailte, trédhearcach agus cuntasach agus ina dtugtar dearbhú agus muinín don phobal, ina éagsúlacht ar fad, go mbíimid ag gníomhú thar a cheann chun seirbhís póilíneachta a áirithiú agus a chothú a choinníonn an pobal sábháilte agus a fhágann go mbraitheann an pobal sábháilte.

## Cothroime

Seolaimid ár bpróisis, ár gcaidreamh agus ár measúnú ar bhealach cothrom.

## Meas

Aithnímid gairmiúlacht agus taithí an Gharda Síochána agus cineál uathúil na rioscaí a ghlacann a chomhaltaí chun daoine a choinneáil sábháilte, agus tá meas againn ar an méid sin ar fad. Tá meas againn freisin ar a bhailí atá eispéireas na ndaoine uile a thagann i dteagmháil leis an tseirbhís póilíneachta, agus aithnímid go mbíonn ár n-obair formhaoirseachta bunaithe ar na daoine sin agus ar an tseirbhís póilíneachta araon.

## Ceartha an Duine

Oibreoimid chun a chinntiú go gcloífidh an tseirbhís póilíneachta a soláthraíonn an Garda Síochána í le cearta an duine atá ag na daoine uile a thagann i dteagmháil léi. Cuirfimid comhionannas, éagsúlacht, cearta an duine agus cuimsiú chun cinn inár n-eagraíocht féin, sa phóilíneacht agus sa mhórshocháil.

## Foghlaim

Is mór againn fiosracht agus feabhas leanúnach inár n-eagraíocht agus sa phóilíneacht. Forbróimid ár gcuid scileanna agus eolais chun bonn eolais a chur faoin obair a dhéanaimid.

## 2. Dul Chun Cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas achoimre ghairid ar an dul chun cinn a rinneamar sa bhliain 2023 in aghaidh na gcuspóirí atá leagtha amach sa [Ráiteas Straitéise uainn don tréimhse 2022-24](#). Tá cúig théama straitéiseacha ann sa Straitéis uainn, ar téamaí iad atá dírithe ar phóilíneacht phobail, ar phóilíneacht éifeachtach, ar ionracas an Gharda Síochána agus cearta an duine, ar eolas a thabhairt don phobal agus caidreamh a dhéanamh leis ar nithe póilíneachta, agus ar ár n-eagraíocht féin agus ar an gcumas atá againn feabhsú leanúnach a bhaint amach agus athruithe a bhainistiú.

### Téama Straitéiseach 1 - Póilíneacht Phobaldírthe

**Spríoctoradh - Freastalaíonn an phóilíneacht ar riachtanais an phobail i ngach gné dá éagsúlacht agus gnóthaíonn sí muinín an phobail.**

Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
<b>Measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an tseirbhís póilíneachta a sholáthraítear do phobail</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Leanadh le caidreamh a dhéanamh le pobail mar chuid lárnach dár n-obair formhaoirseachta trí éisteacht le pobail shonracha faoina dtuairimí ar an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána. I dtaca leis sin, thionóil an tÚdarás cruinnithe poiblí leis an gCoimisinéir i Lárchathair Thuaidh Thoir Bhaile Átha Cliath, i nDroichead Átha, i mBéal an Átha, agus i bPort Láirge. Áiríodh leis na cláir oibre do gach ceann de na cruinnithe sin mír maidir le ‘dúshlán áitiúla phóilíneachta’, agus bhí siad bunaithe ar chlár imeachtaí áitiúla caidrimh (thart ar 80 ceann) le pobail áitiúla agus le comhaltaí agus baill foirne túslíne an Gharda Síochána.</li><li>• I dteannta an mhéid thuas, lean an tÚdarás lena chlár um chaidreamh le geallsealbhóirí, agus é ag bualadh le grúpaí náisiúnta agus fonáisiúnta chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar dhearcthaí i leith na póilíneachta agus ar eispéiris leis an bpóilíneacht i measc pobail éagsúla.</li><li>• Ag eascairt as a imeachtaí caidrimh i nDroichead Átha, chuir an tÚdarás measúnú domhain ar an bhfreagairt póilíneachta do na saincheisteanna coireachta eagraithe agus sábháilteachta pobail sa limistéar sin ar áireamh sa Mheasúnú leathbhliana uaidh ar Fheidhmíocht Póilíneachta 2023, rud a foilsíodh i mí na Nollag 2023.</li><li>• D’fhreastail an tÚdarás ar dheich gcruinniú de chuid Comhchoistí Póilíneachta chun cur leis an bhfeasacht atá aige ar shaincheisteanna áitiúla póilíneachta agus sábháilteachta pobail.</li></ul>
<b>Feabhas a chur ar an eispéireas leis an bpóilíneacht, go háirithe i measc leanaí agus daoine óga</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Coimisiúnaíodh taighde ar an eispéireas leis an bpóilíneacht agus ar dhearcthaí i leith na póilíneachta laistigh de phobail éagsúla agus mhionlaigh in Éirinn. Iníúchfar sa taighde an t-eispéireas leis an bpóilíneacht ar fud dhá phobal in Éirinn — an pobal Brasaíleach agus</li></ul>

Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
	<p>daoine de bhunadh na hAfraice. Tá tuarascáil deiridh le cur isteach i ráithe 1 den bhliain 2024.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Trí chruinnithe a seoladh laistigh de phobail, agus tríd an ngníomhaíocht caidrimh a bhí ag gabháil leo, chuir an tÚdarás béim shuntasach ar eispéiris daoine óga agus eispéiris na ndaoine a oibríonn leo, de réir mar a bhain siad le caidreamh a dhéanamh leis an nGarda Síochána mar dhaoine den phobal, mar íospartaigh, mar amhrastaigh, etc.</li> <li>• Rinneadh caidreamh tiomnaithe ar leibhéal na Foirne Feidhmiúcháin, an Choiste agus an Údaráis maidir leis an gcur chuige i leith caidreamh a dhéanamh le daoine óga, i leith tacaíocht a thabhairt dóibh agus i leith póilíneacht a dhéanamh orthu.</li> <li>• Tugadh barúlacha i ndáil le dréacht-Straitéis an Gharda Síochána um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.</li> </ul>
<p><b>Formhaoirseacht dhírithé a dhéanamh ar na príomh-shaincheisteanna don phobal trí chaidreamh a dhéanamh leis an nGarda Síochána agus le geallsealbhóirí ábhartha</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ar fud na bliana, leag an tÚdarás díriú suntasach ar nithe arbh ábhar inní ar leith don phobal iad, lenar áiríodh iad seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>○ An fhreagairt don choireacht eagraithe;</li> <li>○ Tionchair na coireachta drugaí agus na coireachta a bhaineann le drugaí, lena n-áirítear imeaglú a bhaineann le drugaí, agus an fhreagairt do na cineálacha coireachta sin.</li> <li>○ Póilíneacht, de réir mar a bhaineann sí le tacaíocht agus cosaint a thabhairt do dhaoine aonair soghonta agus do phobail shoghonta – lenar áiríodh póilíneacht agus meabhairshláinte agus an fhreagairt don ghníomhaíocht mhéadaithe spriocdhírithé in aghaidh imirceach;</li> <li>○ Caidreamh an Gharda Síochána le daoine den Lucht Siúil;</li> <li>○ Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chosc, a imscrúdú agus a bhrath – lenar áiríodh caidreamh a dhéanamh le híospartaigh agus tacaíocht a thabhairt dóibh;</li> <li>○ Infheictheacht an Gharda Síochána agus a chaidreamh leis an bpobal;</li> <li>○ Póilíneacht ar bhóithre, agus sábháilteacht a chinntiú ar na bóithre;</li> <li>○ Nithe a bhaineann le hionracas, iompraíocht agus araíonacht gardaí; agus</li> <li>○ Iniúchtaí breise ar sheoladh ríomhchuidithe 999, a cuireadh i gcrích i mí Eanáir agus i mí an Mheithimh, agus an t-eolas is deireanaí ar an scrúdú ar athbhreithniú an Gharda Síochána ar theagmhais seolta ríomhchuidithe a dhúnadh, ar eolas é a foilsíodh i mí Iúil.</li> </ul> </li> </ul>

Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
<p><b>Cuntasacht áitiúil póilíneachta a neartú</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Soláthraíodh trí cinn d’imeachtaí réigiúnacha oiliúna agus líonraithe do chomhaltaí de na Comhchoistí Póilíneachta agus dá riarthóirí. Díríodh sna himeachtaí sin ar an gcuid is fearr a bhaint as acmhainneacht na dtreoirilínte nua le haghaidh Comhchoistí Póilíneachta agus ar fhoghlaim ó Chomhchoistí eile agus ar eispéiris a chomhroinnt leo.</li> <li>• Freastalaíodh ar chruinnithe de chuid Comhchoistí Póilíneachta agus Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail ar fud na tíre.</li> </ul>
<p><b>Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscnaimh idirghníomhaireachta agus ar aon impleachtaí do shábháilteacht pobail</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar na Tosaíochtaí Póilíneachta don tréimhse 2022-2024 agus thug sé cothrom le dáta iad, chun go n-áireofaí leo bearta nua feidhmíochta maidir le póilíneacht ar bhóithre agus maidir le sláinte agus folláine fhórsa saothair an Gharda Síochána.</li> <li>• Ceadaíodh Plean Póilíneachta an Gharda Síochána 2024.</li> <li>• Foilsíodh doiciméad dar teideal ‘What We Heard 2022’ (Feabhra 2023), ina dtugtar forbhreathnú ar na téamaí a d’eascair as caidreamh a dhéanamh le grúpaí geallsealbhóirí sa bhliain 2022 maidir lena ndearchtaí i leith na póilíneachta.</li> <li>• Foilsíodh dhá Mheasúnú ar Fheidhmíocht Póilíneachta. Breithníodh sa chéad cheann díobh feidhmíocht an Gharda Síochána sa bhliain 2022 agus breithníodh sa dara ceann feidhmíocht an Gharda Síochána sa chéad leath den bhliain 2023.</li> <li>• Cuireadh comhairle bhliantúil an Údaráis faoi bhráid an Aire maidir lena leordhóthanaí atá acmhainní an Gharda Síochána.</li> <li>• Rinneadh caidreamh suntasach le fórsa saothair an Gharda Síochána de gach céim agus grád ar fud na bliana 2023 – gabhadh na téamaí a d’eascair as an méid sin sa doiciméad ‘What We Heard 2024’, a foilsíodh i mí Feabhra 2023.</li> </ul>

## Téama Straitéiseach 2 – Póilíneacht Éifeachtach

**Spríoctoradh - Bíonn an phóilíneacht éifeachtach maidir leis an gcoireacht a chosc agus a bhrath agus soláthraítear go seasta í trí úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní.**

Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
<p><b>Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Díríodh formhaoirseacht ar phríomhréimsí, lena n-áiríodh cearta an duine, nithe a bhaineann le hlompar agus Araíonacht Gardaí, agus an dóigh a bhfreagraíonn an Garda Síochána do choireanna Mí-Úsáide</li> </ul>



Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
póilíneachta ar aon dul le ceangaltais reachtúla	Gnéasaí Leanaí.
Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm laistigh den Gharda Síochána chun a chinntiú go gcuirfeair moltaí ó thríú páirtithe tábhachtacha chun feidhme	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Labhair an Coiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána laistigh den Údarás faoin dul chun cinn a rinne an Garda Síochána i ndáil le hairgeadas, acmhainní daonna, rialachas agus bonneagar.</li> <li>• Rinneadh caidreamh ráithiúil maidir le pleanáil straitéiseach fórsa saothair an Gharda Síochána, lenar áiríodh earcaíocht agus coinneáil.</li> <li>• Breithníodh na cásanna gnó ón nGarda Síochána do phoist nua foirne, agus ceadaíodh iad, de réir mar ba chuí. Sa bhliain 2023, tugadh ceadú do phoist, lenar áiríodh poist in Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána agus poist san fheidhm airgeadais agus mar anailíseoirí sa Gharda Síochána.</li> </ul>
Measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhíonn na feidhmeanna cumasóra, amhail airgeadas, acmhainní daonna, TFC agus cóiríocht, ag tabhairt tacaíocht straitéiseach don phóilíneacht	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Labhair an Coiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána laistigh den Údarás faoin dul chun cinn a rinne an Garda Síochána i ndáil le hairgeadas, acmhainní daonna, rialachas agus bonneagar.</li> </ul>
Faireachán, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar a éifeachtúla atá na struchtúir, an oiliúint, an beartas agus na cleachtais atá i bhfeidhm le haghaidh an choireacht a chosc agus a bhrath go héifeachtach	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Rinne an tÚdarás faireachán ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chórais Bainistíochta Imscrúduithe, lenar áiríodh mar chuid lárnach den ghníomhaíocht dhomhain formhaoirseachta a sheol sé i bPort Láirge i ráithe 4 den bhliain 2023.</li> <li>• Rinneadh caidreamh suntasach ar chineálacha éagsúla coireachta sa bhliain 2023, lenar áiríodh coireacht drugaí agus coireacht a bhaineann le drugaí, coireacht éadálach eagraithe, coireacht eacnamaíoch agus cibearchoireacht, foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe, etc., ar ar a bhfud a bhí ríthábhacht ag baint le cosc agus brath agus le héifeachtúlacht na hoiliúna agus na forbartha gairmiúla leanúnaí.</li> <li>• Bhí imeachtaí doimhne caidrimh ann ar fud na bliana maidir leis an treoirhionscadal torthaí agus maidir le cur i bhfeidhm náisiúnta an tionscadail torthaí, ar tionscnamh um thaifeadadh coireachta é atá deartha chun léargas níos fearr a thabhairt ar thorthaí nach torthaí braite iad ar fud na gcineálacha coireachta uile.</li> <li>• Lean an tÚdarás le hathbhreithnithe míosúla, ráithiúla agus bliantúla a dhéanamh ar rátaí braite, agus sonraí ón nGarda Síochána agus ón bPríomh-Oifig Staidrimh araon á n-úsáid aige.</li> <li>• Déanfar faireachán ar chur chun feidhme an Phlean nua um Brath a</li> </ul>

Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
	Fheabhsú sa bhliain 2024.

### Téama Straitéiseach 3 – Ionracas an Gharda Síochána agus Cearta an Duine

Spríoctoradh – Póilíneacht eiticiúil a sheasann cearta an duine atá ag gach duine a théann i dteagmháil leis an tseirbhís agus atá acu sin a ndéanann an tseirbhís difear dóibh.

Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
Formhaoirseacht a dhéanamh ar an raon gníomhartha a bhíonn á ndéanamh ag an nGarda Síochána chun faireachán a dhéanamh ar ionracas an Gharda Síochána agus chun tacú leis	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanadh le caidreamh leanúnach dírithe a dhéanamh leis an nGarda Síochána maidir le raon leathan saincheisteanna ionracais, lenar áiríodh araíonacht, fionraí, nochtadh cosanta, bainistíocht feidhmíochta agus frithéilliú.</li> <li>Leanadh le formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí a d’eascair as an Tuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána dar teideal ‘Cur i gcoinne Bhagairt an Éillithe Inmheánaigh’.</li> <li>Rinneadh caidreamh leis an nGarda Síochána maidir le cearta an duine agus maidir leis an gCód Eitice agus an tionchar a imríonn sé ar chultúr na heagraíochta.</li> </ul>
Measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá Cearta an Duine leabaithe ar fud na heagraíochta	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanadh le formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí a d’eascair as an Tuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána maidir le Seirbhísí Coimeádta a Sholáthar.</li> <li>Dámhadh conradh do Jane Gordon Uas. chun Creat um Chearta an Duine le haghaidh Formhaoirseacht agus Cigireachtaí Póilíneachta a fhorbairt don Údarás nua Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail.</li> <li>Freastalaíodh i gcáil breathnóra ar chruinnithe de chuid Choiste Straitéiseach an Gharda Síochána um Chearta an Duine.</li> </ul>
Measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht sa dóigh a láimhseáiltear gearáin maidir le hiompraíocht an Gharda Síochána agus sa dóigh a gcinntítear go ndéanfar gníomhaíocht ina dhiaidh sin	<ul style="list-style-type: none"> <li>Rinneadh caidreamh dírithe leanúnach leis an nGarda Síochána maidir le feidhmíocht agus iompar.</li> <li>Rinneadh caidreamh breisithe le geallsealbhóirí ó Éirinn agus ó dhlínsí comharsanacha, lenar áiríodh le linn comhdhálacha idirnáisiúnta, i ndáil leis an dea-chleachtas maidir le láimhseáil a dhéanamh ar ghearáin in aghaidh comhaltaí de sheirbhísí póilíneachta.</li> </ul>
Ceapacháin	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanadh le forbairt a dhéanamh ar an bpróiseas le haghaidh ceapacháin chuig céimeanna sinsearacha den Gharda Síochána.</li> </ul>

Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fostaíodh cuideachta chun tionscadal um jabanailís agus samhaltú inniúlachta a sheoladh do na trí chéim mar Cheannfort, mar Ard-Cheannfort agus mar Choimisinéir Cúnta sa Gharda Síochána; seoladh próiseas fairsing comhairliúcháin agus oibríodh go dlúth leis an gcuideachta, leis an nGarda Síochána agus leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun creat breisithe nua ardú céime a chur i bhfeidhm le haghaidh iarrthóirí a roghnú sa todhchaí.</li> <li>Gabhadh dhá chomórtas roghnúcháin de lámh agus bunaíodh painéal le haghaidh ceapacháin chuig céimeanna Ard-Cheannfoirt agus Ceannfoirt.</li> </ul>

## Téama Straitéiseach 4 – Stiúradh trí Athruithe

**Spríoctoradh – A chinntiú go n-imreoidh an tÚdarás tionchar ar na nithe seo a leanas agus go mbeidh sé ullmhaithe dóibh: na socruithe le haghaidh formhaoirseacht póilíneachta amach anseo; agus aistriú an Údaráis ina Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail.**

Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
<b>Leas a bhaint as taitní an Údaráis chun bonn eolais a chur faoin mbreithniú ar shocruithe le haghaidh formhaoirseacht póilíneachta amach anseo agus ar chur chun feidhme na socruithe sin agus chun tionchar a imirt orthu</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanadh le caidreamh gníomhach a dhéanamh le grúpaí stiúrtha na Roinne Dlí agus Cirt agus le Cigireacht an Gharda Síochána i ndáil le haistriú an Údaráis ina Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail.</li> </ul>
<b>An eagraíocht a ullmhú dá haistriú ina heintiteas nua</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Chuir an tÚdarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána ocht sruth oibre i bhfeidhm, agus tá na foirne tionscadal ag obair trí phleananna mionsonraithe tionscadal faoi láthair ar mhaithe le haistriú an Údaráis ina chomhlacht nua formhaoirseachta a chur chun feidhme go rathúil.</li> </ul>
<b>Cultúr ardfheidhmíochta a chothabháil le linn thréimhse an aistrithe chuig aon socruithe oibre nua agus le linn an tÚdarás nua a bhunú</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Rinneadh bainistiú réamhghníomhach ar nithe acmhainní daonna laistigh den Údarás, lena áiríodh earcaíocht, coinneáil, oiliúint agus forbairt, agus bainistíocht feidhmíochta.</li> <li>Comhlíonadh ceanglais rialachais, riosca agus tuairiscithe ar aon dul leis an reachtaíocht agus le Cóid Chleachtais.</li> <li>Oibríodh i gcomhar le comhghleacaithe i gCigireacht an Gharda Síochána chun teacht ar struchtúr barrmhaith eagraíochta don Údarás nua agus ar réimsí lena bhforbairt trí sheisiúin chaidrimh agus</li> </ul>

Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
	trí mhachnamh.
<b>Aistriú éifeachtach chuig an obair hibrideach laistigh den eagraíocht a chumasú ar aon dul leis an mbeartas Rialtais</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá socruithe um obair ón mbaile i bhfeidhm do gach ball foirne laistigh den Údarás Póilíneachta, ar socruithe iad atá ar aon dul leis an mbeartas Rialtais agus leis an dea-chleachtas. Athbhreithníodh an beartas um obair hibrideach, agus tá sé á thabhairt cothrom le dáta faoi láthair ar aon dul leis an reachtaíocht agus leis an mbeartas rialtais láir. Cuirfear an beartas athbhreithnithe i bhfeidhm go luath sa bhliain 2024, tráth a chuirfear in iúl do bhaill foirne é. Ina theannta sin, sealbhaíonn baill foirne an trealamh agus na hacmhainní is gá chun gur féidir leo obair go héifeachtach ar bhonn cianda.</li> </ul>
<b>Struchtúir agus próisis rialachais a chothabháil agus a fheabhsú chun gach ceanglas reachtúil a chomhlíonadh</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Rinneadh trí iniúchadh inmheánacha, agus iad ag baint le rialuithe inmheánacha, le comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus le TFC. Rinneadh iniúchadh bliantúil leantach ar chur chun feidhme na moltaí freisin.</li> <li>Rinneadh féin-athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht agus éifeachtacht an Bhoird agus na gCoistí ar aon dul le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.</li> </ul>

## Téama Straitéiseach 5 – Formhaoirseacht eolach ina ndéantar caidreamh leis an bpobal ar nithe póilíneachta

**Spríoctoradh - Trí thaighde agus trí éisteacht ghníomhach, lorgaíonn an tÚdarás dearcthaí éagsúla i leith an eispéiris leis an bpóilíneacht agus úsáideann sé an t-eolas sin chun a dhúshlán a thabhairt don Gharda Síochána feabhas leanúnach a chur ar an bpóilíneacht.**

Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
<b>Caidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí agus grúpaí geallsealbhóirí chun a n-eispéireas féin leis an bpóilíneacht agus eispéireas na ndaoine a ndéanann siad ionadaíocht dóibh a chloisteáil ar mhaithe le bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre formhaoirseachta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Sa bhliain 2023, bhí 74 cinn de chruinnithe sonracha/imeachtaí caidrimh sonracha againn le grúpaí ar fud na tíre (grúpaí ó Phort Láirge, ó Dhroichead Átha, ó Mhaigh Eo, ó Lárchathair Thuaidh Thoir Bhaile Átha Cliath agus ó Cheantar Lárchathair Theas Bhaile Átha Cliath). Áiríodh leo sin grúpaí a dhéanann ionadaíocht d'íospartaigh an fhoréigin baile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, do sheanáirí/daoine scothaosta, do leanaí agus daoine óga, do phobail tuaithe, do dhaoine den Lucht Siúil, d'imircigh agus mionlaigh eitneacha, agus dóibh sin a ndéanann mí-úsáid substaintí agus imeaglú a bhaineann le drugaí difear dóibh.</li> </ul>
<b>Caidreamh a dhéanamh le comhaltaí den Gharda Síochána i stáisiúin, i sainaonaid agus i mbiúronna</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ghabh an tÚdarás 74 imeacht caidrimh de lámh ar fud stáisiúin, shainaonaid agus bhiúronna aonair an Gharda Síochána chun bonn eolais a chur faoina obair formhaoirseachta.</li> </ul>

Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
<p>chun a n-eispéireas le dúshláin na póilíneachta, le hathchóirí na póilíneachta agus le hacmhainní na póilíneachta a chloisteáil agus a thuiscint</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>D'fhoilsigh an tÚdarás doiciméad dar teideal 'What We Heard 2023' i mí Feabhra 2024, ar tuarascáil í ina n-achóimrítear na príomhthéamaí a d'eascair as an gcaidreamh a rinne an tÚdarás le gardaí agus le baill foirne an Gharda Síochána ar fud na tíre le linn na bliana. Rinneadh caidreamh leis an gCoimisinéir ar na téamaí sin i mí na Nollag 2023 agus i mí Feabhra 2024.</li> </ul>
<p>Taighde a ghabháil de lámh, a choimisiúnú agus a chur chun cinn ar nithe póilíneachta, agus comhoibriú sa taighde sin, chun bonn eolais a chur faoi fhorghoirseacht agus feasacht an phobail ar nithe póilíneachta</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Coimisiúnaíodh taighde ar an eispéireas leis an bpóilíneacht agus ar dhearchtaí i leith na póilíneachta laistigh de phobail éagsúla agus mhionlaigh in Éirinn. Iníúchfar sa taighde an t-eispéireas leis an bpóilíneacht ar fud dhá phobal in Éirinn — an pobal Brasaíleach agus daoine de bhunadh na hAfraice.</li> <li>Rinneadh Comhscéim Taighde a chomhaontú agus a thabhairt chun críche idir an Garda Síochána agus an tÚdarás, rud ina n-iniúchtar idirghabhálacha fianaisebhunaithe lena gcuirtear athléimneacht, meabhairshláinte agus folláine phearsanra an Gharda Síochána chun cinn. Seoladh an Scéim sin i mí Eanáir 2024.</li> <li>Ag eascairt as a rannpháirtíocht sa Scéim 'Bunchlocha Nua' de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn, roghnaíodh tionscadal lena chistiú ag an Údarás. Is é aidhm an tionscadail sin tacú le beartas agus straitéisí fianaisebhunaithe i ndáil leis an bpóilíneacht agus sábháilteacht pobail. Tugtar <i>'Guthanna Ceilte: líonra comhoibríoch taighdethreoraithe chun dearchtaí pobal imeallaithe a fháil maidir le dúshláin sábháilteachta pobail in Éirinn'</i> ar an tionscadal sin, agus tá sé faoi stiúir ag an Ollamh Colum Dunne agus ag an Ollamh Gautam Gulati, Ollscoil Luimnigh.</li> <li>Chomhaontaigh an tÚdarás páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíocht nua dar teideal an tIdirphlé ar Thaighde Oscailte Ceartais Choiriúil, rud a bhfuil mar aidhm leis cultúr taighde idirdhisciplínigh oscailte a leabú i gceartas coiriúil in Éirinn. Cruthófar 'Comhpháirtíocht idir Taighdeoirí, an Lucht Déanta Beartas agus Cleachtóirí' sa bhliain 2024, rud a chuireadh comhpháirtithe tionscadail a dhéanann ionadaíocht do 40 eagraíocht, beagnach.</li> </ul>
<p>Caidrimh éifeachtacha a chothabháil agus a dhoimhniú le comhlachtaí formhaoirseachta póilíneachta in Éirinn agus thar lear</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanadh le freastal ar imeachtaí agus comhdhálacha éagsúla intíre agus idirnáisiúnta.</li> <li>Leanadh le caidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe idirnáisiúnta ó Thuaisceart Éireann, ó Shasana, ó Albain, ón mBreatain Bheag, ó Cheanada, agus ó na Stáit Aontaithe.</li> </ul>
<p>Feasacht an phobail a chur chun cinn ar nithe póilíneachta agus ar na torthaí atá ar</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Foilsíodh doiciméad dar teideal 'What We Heard', ar tuarascáil í ar an gcaidreamh a rinne an tÚdarás le geallsealbhóirí sa bhliain 2022.</li> <li>Foilsíodh Measúnú Iánbhliana an Údarais Póilíneachta ar Fheidhmíocht Póilíneachta 2022 agus foilsíodh Measúnú leathbhliana</li> </ul>

Cuspóirí	Éachtaí sa bhliain 2023
<b>fhormhaoirseacht póilíneachta</b>	<p>an Údarás Póilíneachta ar Fheidhmíocht Póilíneachta don bhliain 2023. Foilseofar measúnú lánbhliana don bhliain 2023 in Earrach na bliana 2024.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Seoladh sé chruinniú phoiblí leis an gCoimisinéir, agus beoshruthaíodh dhá chruinniú eile, i bhfianaise príomh-shaincheisteanna formhaoirseachta a bhí ag teacht chun cinn.</li> <li>• Fuair an tÚdarás cumhdach áitiúil agus náisiúnta ar fud thírdhreach meán na hÉireann, lenar áiríodh sna meáin chlóite, ar líne, ar an raidió agus ar an teilifís.</li> <li>• Foilsíodh raon ábhair ar shuíomh Gréasáin an Údaráis chun trédhearcacht a thabhairt do gheallsealbhóirí agus don phobal ar obair an Údaráis.</li> </ul>

De réir an Ráitis Straitéise uaidh, agus chun iarrataí breise ón Aire a léiriú, leag an tÚdarás na Tosaíochtaí Corparáideacha atá aige don bhliain 2023 amach i dtús na bliana chun é a threorú le linn dó a chuid oibre sa bhliain 2024 a chur in ord tosaíochta. Tá stádas gnóthachtála na dtosaíochtaí sin ag deireadh na bliana 2023 curtha ar áireamh mar eolas in Aguisín 1.

### 3. Gné-Alt: Cineál Athraitheach na Sochaí, na Póilíneachta agus na Formhaoirseachta

#### Cineál Athraitheach na Sochaí

Is é atá i gceist le formhaoirseacht a dhéanamh ar an bpóilíneacht ná measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht póilíneachta agus ar a mhéid atá an fheidhmíocht sin ar aon dul leis na riachtanais, na hionchais agus na cearta atá ag an bpobal a bhfreastalaíonn sí air – i ngach gné dá éagsúlacht – agus na nithe sin a thuiscint. I mbliana, lean an domhandú, na meáin shóisialta, coinbhleacht agus imirce le tionchar a imirt ar an timpeallacht idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, tháinig athruithe eile ar Éirinn agus d'éirigh sí níos éagsúla fós, agus tuairiscíodh i dtorthaí an daonáirimh le déanaí go ndeachaigh daonra na hÉireann thar an tairseach cúig mhilliún duine den chéad uair le 171 bhliain anuas. Is saoránaigh neamh-Éireannacha atá i 12% dár ndaonra anois<sup>1</sup>. D'imir na hathruithe domhanda agus náisiúnta sin tionchar ar an Údarás Póilíneachta freisin, agus caidreamh agus formhaoirseacht leanúnach á ndéanamh aige mar thoradh ar mhéaduithe ar ghníomhaíocht spriocdhírthe agóide, ar iompraíocht fhrithshóisialta, agus ar threochtaí a bhaineann le nithe sábháilteachta ar bhóithre sa bhliain 2023.

Is minic a ghairtear tír an 'chéid míle fáilte' d'Éirinn. Mar sin féin, bhí eachtraí na bliana 2023, go háirithe an teagmhas tragóideach agus an mí-ord foréigneach ina dhiaidh sin an 23 Samhain, ina bhfianaise ar an athrú bunúsach ar an dóigh a bhfreagraíonn an tsochaí do na dúshláin atá romhainn mar aonad comhchoiteann. Cé gur léiriú bunúsach daonlathach é an ceart chun agóide síochánta, ní mór an ceart sin a bheith ann in éineacht leis na cearta atá ag daoine eile chun a bhrath go bhfuil siad sábháilte agus saor ó imeaglú. Tá codarsnacht ghéar idir an ceart sin agus na hagóidí urchóideacha a thit amach sa bhliain 2023 agus a d'éirigh ina n-eachtraí spontáineacha oird phoiblí ansin. Bhí an tÚdarás den tuairim nár cheart na cosaintí bunreachtúla a ghabhann le hagóidí síochánta a bheith ag gabháil le cineál an mhí-oird fhoréignigh a chonacthas sa bhliain 2023.

I staidéar a sheol an Institiúid um Idirphlé Straitéiseach, a foilsíodh trí lá roimh an 23 Samhain, tugadh tuairisc ar an dóigh ar féidir le faisnéis bhréagach a scaiptear ar líne gníomhaíocht dhíreach, gníomhartha foréigin ina measc, a spreagadh san fhíorshaol.<sup>2</sup> Leagadh amach sa tuarascáil an dóigh ar éirigh le daoine atá i bhfad amach ar an eite dheis leas a bhaint as éiceachóras na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise agus an dóigh ar spriocdhírigh siad tar éis na paindéime ar phobail shoghonta amhail iarrthóirí tearmainn, dídeanaithe agus an pobal LADTA+, á rá gur bagairt eiseach ar ár dtír iad. Bhí na hagóidí agus na heachtraí oird phoiblí a thit amach le linn na bliana fite fuaite sa bhorradh faoi na meáin shóisialta, toisc gur éascaigh scaipeadh na mífhaisnéise achrann agus gur ghríosaigh sé móiminteam na n-eachtraí oird phoiblí. Chuir Coimisiún na Meán<sup>3</sup> imní in iúl freisin faoi scaipeadh na fuathchainte agus na bréagaisnéise ar na meáin shóisialta tar éis na n-eachtraí a thit amach an 23 Samhain.

#### Freagairtí Formhaoirseachta

I bhfianaise na ndúshlán sin, rinne an tÚdarás leathnú agus doimhniú ar a thiomantas do chaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí, agus é ag teacht le chéile le 74 cinn de ghrúpaí pobail áitiúla agus d'eagraíochtaí áitiúla chun ullmhú do chruinnithe leis an gCoimisinéir agus lena chomhghleacaithe sinsearach. Tugadh cuairt ar 74 cinn d'aonaid agus stáisiúin an Gharda Síochána agus seoladh deich gcruinniú le Comhchoistí Póilíneachta/le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail freisin. Bhí sé sin ina

<sup>1</sup> An Phríomh-Oifig Staidrimh. Imirce agus Éagsúlacht - CSO - An Phríomh-Oifig Staidrimh [Idirlíon]. [www.cso.ie. 2023. Ar fáil ó: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpsr/censusofpopulation2022-summaryresults/migrationanddiversity/](https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpsr/censusofpopulation2022-summaryresults/migrationanddiversity/)

<sup>2</sup> An Institiúid um Idirphlé Straitéiseach. Uisce Faoi Thalamh - An Investigation into the Online Mis- and Disinformation Ecosystem in Ireland [Idirlíon]. Samhain 2023. Ar fáil ó: <https://www.isdglobal.org/wp-content/uploads/2023/11/Uisce-Faoi-Thalamh-Summary-Report.pdf>

<sup>3</sup> Rialálaí meán na hÉireann

ghné thábhachtach den obair formhaoirseachta lenar tugadh léargas luachmhar don Údarás Póilíneachta ar an dóigh ar féidir for-rochtain agus formhaoirseacht a fheabhsú arís eile. Ina theannta sin, bhí tionchar díreach ag na himeachtaí táirgiúla caidrimh sin ar na topaicí díospóireachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisinéara le linn chruinnithe an Údaráis.

Sheol an tÚdarás sé chruinniú phoiblí ar fud na tíre, lenar áiríodh cruinnithe i bPort Láirge, i Maigh Eo, i Lú agus i gCathair Bhaile Átha Cliath. A bhúí leis an éagsúlacht sin ó thaobh láithreacha de, cabhraíodh le dearcthaí éagsúla a bhailiú ar shaincheisteanna atá tábhachtach do phobail agus, an tráth céanna, tugadh deis don phobal amharc ar imeachtaí agus trédhearcacht a chinntiú ar thaobh an Údaráis. Beoshruthaíodh na cruinnithe poiblí agus na seisiúin phoiblí sin ó dhá chruinniú phríobháideacha freisin chun spriocphobal níos leithne a mhealladh agus chun a léiriú go bhfuil an tÚdarás tiomanta do thrédhearcacht agus do chuntasacht, trí rochtain a thabhairt ar dhíospóireachtaí tábhachtacha ar shaincheisteanna formhaoirseachta a bhí ag teacht chun cinn. Ar deireadh, sheol an tÚdarás sé chruinniú de bhreis ar an oibleagáid reachtúil atá air, agus an chuid is mó díobh á seoladh mar gheall ar nithe práinneacha sábháilteachta poiblí agus póilíneachta a bhí ag titim amach. Léirigh na cruinnithe neamhphleanáilte sin an cumas atá ag an Údarás freagairt d'eachtraí de réir mar a tharlaíonn siad agus é sin a dhéanamh ar bhealach sofhreagrúil, pras agus éifeachtach.

### **Tionchar ar an bPóilíneacht**

D'fhorbair an phóilíneacht ina cúram an-chasta, agus í ag oiriúnú do chastachtaí an tsaoil nua-aimseartha, áit a mbíonn éilimh a bhíonn sa raon idir saincheisteanna cibearchoireachta agus saincheisteanna sóisialta mar shaintréith ag freagrachtaí an Gharda Síochána agus ag na héilimh a leagtar air. Chruthaigh agóidí agus úsáid na meán sóisialta sa bhliain 2023 dúshláin do chomhtháthú pobail, do fhreagairtí póilíneachta agus d'fhormhaoirseacht póilíneachta. Is féidir go mbeidh ar an nGarda Síochána athrú a dhéanamh chun na dúshláin sin a sháru, a mhéid a bhaineann leis an gcumas atá aige teagmhais chriticiúla a réamh-mheas agus freagairt agus gabháil do na teagmhais sin, agus é ag féachaint an tráth céanna le hoibriú trí phrósís dhinimiciúla chinnteoireachta. Chuir an pobal i gcoitinne in iúl freisin go bhfuil sé ag iarraidh go mbeadh infheictheacht agus láithreacht mhéadaithe ag an nGarda Síochána ar ár sráideanna. Ní mór é sin a chothromú, áfach, leis an oibleagáid atá ann faireachán dofheicthe agus póilíneacht dhofheicthe a dhéanamh ar na dúshláin mhéadaitheacha a chruthaíonn coireanna nua-aimseartha amhail cionta cibearchoireachta agus cionta eacnamaíocha. Is ann do chuid mhór gníomhaíochtaí póilíneachta ina bhfuil obair dhofheicthe ríthábhachtach agus riachtanach araon maidir leis an bpobal a chosaint. Áirítear leo sin an Biúró Cibearchoireachta, a bhfuil ríthábhacht ag baint lena chuid scileanna i mórghníomhaíocht choiriúil shuntasach a imscrúdú agus a ionchúiseamh, an faireachán a dhéantar ar na naisc idirnáisiúnta atá ag Drona Coireachta Eagraithe, agus sainseirbhísí amhail Aonaid Seirbhíse Cosanta le haghaidh íospartaigh foréigin baile, mí-úsáide, agus foréigin ghnéasaigh. Teastaíonn ón bpóilíneacht sin ar fad sainphóilíneacht dhian agus sainchaidreamh dian araon, ar nithe iad nach bhfeictear go minic. Bíonn an méid sin ríthábhachtach freisin toisc go gcabhraíonn sé go díreach le freagairt don chineál dochair a mbíonn pobail féin ag tabhairt tús áite dó ar bhonn seasta agus leis an gcineál dochair sin a chosc. Chun na héilimh agus na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, beidh ar an nGarda Síochána athrú a dhéanamh ar an dóigh a bhfreagraíonn sé agus, dá réir sin, beidh ar an Údarás Póilíneachta athrú a dhéanamh ar an dóigh a ndéanann sé formhaoirseacht.

### **Machnamh a Dhéanamh agus Breathnú ar an Am atá le Teach**

Le linn na bliana 2023, bhreithnigh na Comhaltaí den Údarás na hathruithe a tháinig ar an gcur chuige a ghlacann an tÚdarás i leith formhaoirseacht a dhéanamh agus i leith caidreamh a dhéanamh leis an nGarda Síochána. Bhreithnigh siad freisin a mhéid a chuaigh formhaoirseacht sheachtrach i bhfeidhm ar chleachtais inmheánacha laistigh den Gharda Síochána. Cé gur chomhaontaigh siad go bhféadfadh athruithe a



tharlaíonn de réir a chéile a bheith dofheicthe, nuair a amharctar orthu thar shaolré an Údaráis, chomhaontaigh siad freisin gur tháinig athrú suntasach ar an gcultúr cuntasachta laistigh den Gharda Síochána, i gcomhthéacs formhaoirseacht sheachtrach. D'éirigh leis an Údarás oiriúnú agus freagairt arís agus arís eile do shaincheisteanna póilíneachta a bhí ag teacht chun cinn, chun formhaoirseacht a sholáthar ar fud na bliana 2023. Mar sin féin, ní féidir eachtraí amach anseo a thuar ná a réamh-mheas. Ní féidir a thuar ná a réamh-mheas ach oiread cén tionchar a bheidh ag eachtraí na bliana 2023 ar an tsochaí. Tá an tionchar ar an bpóilíneacht agus ar an bhformhaoirseacht fós le feiceáil freisin.

Chuir an Coimisinéir in iúl roimhe seo go bhfuil sé den tuairim go mbeidh ar Éirinn Cosaint Idirnáisiúnta a thabhairt do dhaoine aonair go ceann i bhfad. Ar an drochuair, lean na hagóidí agus na hionsaithe spriocdhírthe ar Sheirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta ar aghaidh suas go deireadh na bliana 2023 agus na míonna tosaigh den bhliain 2024. Mar gheall ar na hathruithe sin ar an tsochaí, beidh ar an Údarás a bheith frithghníomhach agus é ag déanamh formhaoirseacht ar chineál athraitheach na póilíneachta. Beag beann ar na hathruithe agus na héiginnteachtaí sin, tá an tÚdarás tiomanta do thaighde agus éisteacht ghníomhach a úsáid chun dearcthaí éagsúla a lorg i leith an eispéiris leis an bpóilíneacht agus an t-eolas sin a úsáid chun a dhúshlán a thabhairt don Gharda Síochána feabhas leanúnach a chur ar an bpóilíneacht.

## 4. Rialachas agus Struchtúr

### Comhaltaí an Údaráis

Leis an reachtaíocht lenar bunaíodh an tÚdarás, déantar foráil maidir le comhaltas ina bhfuil Cathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí, arna gceapadh ar feadh téarma trí bliana nó ceithre bliana agus an fhéidearthacht ann iad a athcheapadh ar feadh téarma breise, faoi réir uastéarma ocht mbliana. Is é an Rialtas a roghnaíonn an Cathaoirleach agus comhaltaí an Údaráis lena gceapadh tar éis próisis roghnúcháin a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iad faoin bpróiseas Stateboards.ie. Níl Comhaltaí an Oireachtais ná Comhaltaí Údarás Áitiúil, comhaltaí ar seirbhís den Gharda Síochána, de GSOC ná de Chigireacht an Gharda Síochána i dteideal a bheith ina gcomhaltaí den Údarás.

Bhí naonúr comhaltaí den Údarás ann i dtús na bliana 2023. Fostaíodh comhaltaí an Údaráis ar bhonn iad a bheith ar fáil idir ceithre lá agus sé lá in aghaidh na míosa, agus tá an Cathaoirleach le bheith ar fáil go foirmiúil ar bhonn 2.5 lá in aghaidh na seachtaine. Tá mionsonraí Chomhaltaí an Údaráis liostaithe i dTábla 1, lena n-áirítear a dtéarma oifige agus a bhfreastal ar chruinnithe sa bhliain 2023. Taispeántar i dTábla 2 táillí bliantúla agus costais taistil agus cothaithe do Chomhaltaí an Údaráis don bhliain 2023.

**Tábla 1: Téarmaí oifige na gComhaltaí den Údarás agus a bhfreastal ar chruinnithe sa bhliain 2023**

Comhalta den Údarás	Dul in éag don téarma <sup>4</sup>	Cruinnithe den Údarás ar freastalaíodh orthu	Cruinnithe Coiste agus Ionadaíochta <sup>5</sup>
Bob Collins (Cathaoirleach)	31/12/23	17	25
Anthony Harbison <sup>6</sup>	31/12/24*	12	0
An Dr Deborah Donnelly	31/12/24*	15	5
An Dr Donal de Buitléir	31/12/24*	16	3
An Dr Elaine Byrne	31/12/24*	16	2
An Dr Jane Mulcahy <sup>7</sup>	31/12/24*	8	0
An Dr Moling Ryan	31/12/23	14	13
Paul Mageean	31/12/24*	15	5
Shalom Binchy <sup>8</sup>	08/03/24	5	2
Valerie Judge	31/12/23	15	5

<sup>4</sup> Tugann réiltín in aice le dul in éag théarma an chomhalta le fios gur ceapadh an comhalta go dtí an 31 Nollaig 2024 nó suas go discaoileadh an Údaráis (cibé acu is luaithe).

<sup>5</sup> Tionóladh 16 chruinniú Coiste san iomlán. Ina theannta sin, d'fhreastail Comhaltaí ar roinnt cruinnithe grúpaí oibre agus rinne siad ionadaíocht don Údarás ag roinnt cruinnithe agus imeachtaí eile le linn na bliana.

<sup>6</sup> Ceapadh Anthony Harbison chuig an Údarás an 1 Bealtaine 2023.

<sup>7</sup> Ceapadh an Dr Jane Mulcahy chuig an Údarás an 26 Iúil 2023.

<sup>8</sup> Thairg Shalom Binchy éirí as oifig an 3 Bealtaine 2023 tar éis a ceapacháin chuig an gCúirt Dúiche.

**Tábla 2: Táillí bliantúla agus costais taistil agus chothaithe do Chomhaltaí an Údaráis (faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste)**

Comhalta den Údarás	Táillí Bliantúla a íocadh sa bhliain 2023 (a gceadaíonn an tAire Dlí agus Cirt iad, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.)	Speansais a íocadh le haghaidh comhaltaí agus thar a gceann sa bhliain 2023  (lena n-áirítear costais a íocadh go díreach le soláthraithe agus costais a aisíocadh le Comhaltaí – Sochar Comhchineáil san áireamh)
	€	€
Bob Collins (Cathaoirleach)	32,450	1,620
Anthony Harbinson	9,367	1,370
An Dr Deborah Donnelly	14,963	3,250
An Dr Donal de Buitléir	14,963	548
An Dr Elaine Byrne	14,963	1,561
An Dr Jane Mulcahy <sup>9</sup>	-	1,296
An Dr Moling Ryan	14,963	442
Paul Mageean	14,963	7,989
Shalom Binchy	5,094	-
Valerie Judge	14,963	263

An 5 Nollaig 2023, chomhaontaigh an Rialtas Anthony Harbinson, an Dr Deborah Donnelly, an Dr Donal de Buitléir, an Dr Elaine Byrne, an Dr Jane Mulcahy agus Paul Mageean a athcheapadh mar chomhaltaí den Údarás Póilíneachta go dtí an 31 Nollaig 2024 nó suas go díscáileadh an Údaráis tar éis thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail (2023) (cibé acu is luaithe). Ina theannta sin, ceapadh an Dr Elaine Byrne mar Chathaoirleach nua, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Chríochnaigh Bob Collins, an Dr Moling Ryan agus Valerie Judge a dtéarmaí ocht mbliana mar Chomhaltaí den Údarás an 31 Nollaig 2023.

## Coistí an Údaráis

Reáchtáil an tÚdarás ceithre Choiste sa bhliain 2023 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar rialachas an Údaráis agus chun a chuid oibre a chur chun cinn i ndáil lena thosaíochtaí reachtúla faoi Théarmaí Tagartha inar leagadh amach a gcuspóir, lena treoraíodh a gcuid oibre agus inar leagadh amach na mionsonraí faoi

<sup>9</sup> Mar sheirbhíseach poiblí, ní bhfuair an Dr Mulcahy aon táillí faoin bprionsabal ‘Duine Amháin, Tuarastal Amháin’.

nithe a tharmligtear chuig an gCoiste lena chinneadh. Foilsítear na Téarmaí Tagartha do gach Coiste agus miontuairiscí ceadaithe a gcrúinnithe sa bhliain 2023 ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Póilíneachta.

Buanmhír ar an gclár cruinnithe ag gach cruinniú de chuid an Údaráis is ea an t-eolas is deireanaí a fháil ó Choistí. Cuireann Cathaoirleach gach Coiste an t-eolas is deireanaí ar obair an Choiste ar fáil don Údarás ó bhéal. Páipéir ina leagtar amach na nithe atá le cinneadh nó le ceadú ag an Údarás agus a eascraíonn as obair na gCoistí, cuirtear isteach iad lena mbreithniú le linn na gcrúinnithe den Údarás. Tugtar acmhainn rúnaíochta do gach Coiste agus coinníonn Cathaoirleach an Choiste an Príomhfheidhmeannach ar an eolas faoi obair ar bith a bhféadfadh go mbeadh acmhainní breise ag teastáil ina leith.

Tá gach comhalta den Údarás ina chomhalta nó ina comhalta de Choiste amháin ar a laghad, cé is moite den Chathaoirleach, a fhéadfaidh freastal ar chruinnithe Coiste ó am go chéile, cé nach comhalta d'aon Choiste é. Bhí comhalta seachtrach amháin ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, ag an gCoiste um Rialachas maidir le Dearbhú Cáilíochta Ceapachán agus Roghnúchán an Gharda Síochána agus ag an gCoiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta ag deireadh na bliana 2023 freisin. Tá comhalta seachtrach is saineolaí sinsearach neamhspleách earcaíochta mar chathaoirleach ar an gCoiste um Rialachas maidir le Dearbhú Cáilíochta Ceapachán agus Roghnúchán an Gharda Síochána. Tá mionsonraí faoi gach Coiste, mar aon le comhaltas agus cruinnithe sa bhliain 2023, leagtha amach i dTábla 3.

**Tábla 3: Coistí an Údaráis 2023**

Coiste	Comhaltas	Cruinnithe sa bhliain 2023
<b>An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca</b>	Moling Ryan (Cathaoirleach)	5
	Declan Hoban (Comhalta seachtrach)	5
	Geraldine Smith (Comhalta seachtrach)	4
<b>An Coiste um Rialachas maidir le Dearbhú Cáilíochta Ceapachán agus Roghnúchán an Gharda Síochána</b>	Bryan Andrews (Cathaoirleach) (Comhalta seachtrach)	2
	Moling Ryan	2
	Valerie Judge	
<b>An Coiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána</b>	Paul Mageean (Cathaoirleach) <sup>10</sup>	1
	Donal de Buitléir (Cathaoirleach)	3
	Elaine Byrne	2
	Valerie Judge	3
<b>An Coiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta</b>	Deborah Donnelly (Cathaoirleach)	6
	Gillian Imery (Comhalta seachtrach)	6
	Shalom Binchy	2
	Moling Ryan	6
	Paul Mageean	4

<sup>10</sup> Bhog Paul Mageean chuig an gCoiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta tar éis dó freastal ar an gcéad chruinniú de chuid an Choiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána. Ceapadh Donal de Buitléir mar Chathaoirleach ina dhiaidh sin.

## An Fhoireann Feidhmiúcháin

Ag obair di faoi stiúir ag an bPríomhfheidhmeannach, is é ról na Foirne Feidhmiúcháin beartais agus cinntí an Údaráis a chur chun feidhme. Ina theannta sin, is é ról na Foirne Ardbhainistíochta an tÚdarás a choinneáil ar an eolas, trína cruinnithe tráthrialta, faoi fhorbairtí ábhartha, lena n-áirítear aon rioscaí ábhartha, agus tacú le hobair an Údaráis tríd an tacaíocht, an fhaisnéis agus an saineolas ábhartha a sholáthar i ndáil le rialachas agus forbairt beartais ar leibhéal an Údaráis agus ar leibhéal na gCoistí araon.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach sa reachtaíocht agus i gCreat Rialachais an Údaráis. Ina theannta sin, is é nó í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Údaráis. Is freagracht í sin atá ar leithligh ó fhreagrachtaí rialachais chomhaltaí an Údaráis.

Tá comhaltas na Foirne Ardbhainistíochta ar taispeáint i dTábla 4.

**Tábla 4: An Fhoireann Ardbhainistíochta 2023**

Ról	Ainm
Príomhfheidhmeannach	Helen Hall
Stiúrthóir	Aoife Clabby
Stiúrthóir	Margaret Tumelty
Stiúrthóir	Cormac Keating <sup>11</sup>

B'ionann agus €178,995 tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh an 31 Nollaig 2023, agus é ar scála tuarastail an Rúnaí Chúnata sa státseirbhís, arb í an tsuim a cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe í. B'ionann agus €8,590 na costais taistil agus chothaithe don Phríomhfheidhmeannach sa bhliain 2023, ar costais iad a d'eascair as comhlíonadh a cuid dualgas.

## Conas a oibrímid

### Cruinnithe an Údaráis

Pleanálann an tÚdarás le haghaidh cruinniú iomlánach lae a thionól gach mí, seachas i mí Lúnasa. Bíonn cruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána agus lena chomhghleacaithe sinsearacha ann mar chuid de gach cruinniú. Ceanglaítear ar an Údarás leis an Acht líon nach lú ná ceithre chruinniú a thionól go poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána gach bliain. Déantar sceideal na gcruinnithe don bhliain a fhoilsiú roimh ré, agus léirítear air cé na cruinnithe a thionólfar go poiblí leis an gCoimisinéir. Ó am go chéile, tionóllann an tÚdarás cruinnithe breise nó eisceachtúla de réir mar is gá, agus is féidir go n-áireofar leo sin cruinnithe leis an nGarda Síochána.

Sa bhliain 2023, tháinig an tÚdarás le chéile 17 n-uair san iomlán. De bhreis ar 11 chruinniú sceidealta sa bhliain 2023, tionóladh sé chruinniú bhreise chun déileáil le saincheistanna a bhí ag teacht chun cinn. De na 17 gcruinniú sin, tháinig an tÚdarás le chéile le Coimisinéir an Gharda Síochána agus lena chomhghleacaithe sinsearacha 11 uair. Tionóladh sé chruinniú leis an gCoimisinéir in ionad poiblí, rud a d'fhág go raibh an pobal agus na meáin in ann breathnú ar na himeachtaí. Páirtsruthaíodh dhá chruinniú phríobháideacha don phobal freisin.

<sup>11</sup> D'fhág Cormac Keating a phost san Údarás Póilíneachta an 11 Lúnasa 2023.

Déanann an tÚdarás dréachtchlár oibre le haghaidh cruinnithe a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin seachtain amháin roimh an gcruinniú, agus foilsítear miontuairiscí ceadaithe ar an suíomh Gréasáin freisin. Ina theannta sin, foilsítear tuarascáil mhíosúil Choimisinéir an Gharda Síochána don Údarás ar shuíomh Gréasáin an Gharda Síochána agus ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Póilíneachta araon.

Déanann an tÚdarás soláthar do chruinniú príobháideach a thionól ag gach cruinniú míosúil gan an Fhoireann Feidhmiúcháin a bheith i láthair, agus baineadh leas as an soláthar sin ceithre huaire sa bhliain 2023.

I gcomhréir leis an ardluach a chuireann an tÚdarás ar an oscailteacht agus an trédhearcacht, tá an tÚdarás tiomanta do chumarsáid agus caidreamh a dhéanamh leis an bpobal trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cláir oibre agus miontuairiscí cruinnithe a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Údaráis;
- Cruinnithe a thionól go poiblí, trí chomhairliúcháin le geallsealbhóirí agus leis an bpobal agus trí chaidreamh a dhéanamh go díreach le príomh-geallsealbhóirí amhail Comhchoistí Póilíneachta agus an tsochaí shibhialta; agus
- Tuarascálacha agus ábhar eile a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin.

## Socruithe Rialachais

Tá an tÚdarás Póilíneachta bunaithe mar chomhlacht atá neamhspleách go reachtúil. Tá an tÚdarás neamhspleách go hiomlán agus a fheidhmeanna reachtúla á bhfeidhmiú aige agus tá sé cuntasach go cuí don Oireachtas agus don Aire Dlí agus Cirt mar chomhlacht a fhaigheann cistiú poiblí.

Treoraítear an Creat Rialachais agus Rialaithe foriomlán laistigh den Údarás leis na nithe seo a leanas:

- Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú;
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, rud ar ghlac an tÚdarás é;
- An Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, a bhfuil sé de cheangal ar an Údarás é a chomhlíonadh i bhfianaise an chistiúcháin a fhaigheann sé ó Vóta Státchiste;
- Na moltaí ón nGrúpa Oibre maidir le Cuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey);
- An Cód Eitice don Gharda Síochána, rud ar ghlac an tÚdarás é, nuair is infheidhme;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí;
- An Cód Caiteachais Phoiblí; agus
- Cibé reachtaíocht, beartais agus ciorcláin eile de chuid an rialtais agus na seirbhíse poiblí is infheidhme maidir le heagraíochtaí státseirbhíse.

## Creat Rialachais

Leagtar amach go mion i ndoiciméad Creat Rialachais an Údaráis na socruithe rialachais atá i bhfeidhm san Údarás. Tá sraith doiciméad rialachais eile mar thaca leis sin. Áirítear leo na doiciméid seo a leanas:

- Cód Iompair do chomhaltaí agus do bhaill foirne;
- Buanorduithe;

- Scéim tarmhigin agus nithe atá forchoimeáda don Údarás;
- Ráiteas Straitéise 2022-2024; agus
- Comhaontú Formhaoirseachta agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt.

Leasaíodh na doiciméid sin de réir mar ba chúil le linn na bliana 2023 chun aon athruithe a measadh a bheith riachtanach a léiriú, agus tá siad foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

## **Freagrachtaí**

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh;
- Comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla uile is infheidhme;
- An Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí;
- Nithe a bhaineann le hiniúcháireacht, le rialachas agus le bainistíocht riosca;
- A chinntiú go mbíonn córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme;
- Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a ghlacadh; agus
- An Tuarascáil Bhliantúil seo ón Údarás a ullmhú.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás as a dualgais a chomhlíonadh agus as cibé faisnéis a sholáthar dó i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin a éileoidh an tÚdarás ó am go chéile.

Oibríonn an tÚdarás faoi sholáthar airgeadais a vótálann an Dáil é gach bliain, agus is í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith sin, agus freagrachtaí gaolmhara uirthi as an timpeallacht rialaithe inmheánaigh.

## **Cód Iompair**

Leagtar amach i gCód Iompair an Údaráis Póilíneachta na caighdeáin prionsabal agus cleachtas lena rialaítear iompar Chomhaltaí agus bhaill foirne an Údaráis Póilíneachta, lena n-áirítear comhaltaí seachtracha de Choistí an Údaráis. Is é cuspóir an Chóid:

- Tacar comhaontaithe prionsabal eiticiciúil do Chomhaltaí agus bhaill foirne an Údaráis a bhunú;
- An fhorbairt cleachtas neamheiticiúil, agus an glacadh leo, a chosc; agus
- Muinín as na Comhaltaí agus iontaoibh iontu a chur chun cinn agus a chothabháil.

Trí na heochairphrionsabail ar cheart do chomhaltaí agus baill foirne cloí leo a leagan amach, eadhon:

- Gníomhú chun Leas an Phobail;
- Ionracas agus Neamhspleáchas;
- Trédhearcacht;
- Rúndacht;
- Rannpháirtíocht; agus
- Cothroime.

Leis an gCód, leagtar béim ar thiomantas an Údaráis do na caighdeáin is fearr ó thaobh iompar gnó de, agus ullmhaíodh é chun cabhrú le Comhaltaí agus baill foirne an Údaráis a gcuid dualgas, ceart agus oibleagáid a thuiscint. Cuirtear de cheangal ar Chomhaltaí agus baill foirne leis freisin cloí leis an gCód Eitice don Gharda Síochána. Déanann an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar an gCód chun a chinntiú go bhfuil sé cuí fós.

### **Coinbhleachtaí Leasa**

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh Comhaltaí agus baill foirne an Údaráis forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, nuair is infheidhme. Ina theannta sin, is amhlaidh, de réir Chód Iompair an Údaráis Póilíneachta do Chomhaltaí agus do Bhaill Foirne, a chláraíonn Comhaltaí an Údaráis a leasanna i ngnóthais eile leis an Rúnaí tráth a gceapacháin. Rialaítear leis an gCód Iompair freisin coinbhleachtaí leasa i gcás comórtais roghnúcháin arna reáchtáil ag an Údarás agus in imthosca eile a bhféadfadh go dtiocfadh coinbhleachtaí leasa chun cinn iontu. Ceanglaítear ar gach Comhalta den Údarás tuairisceán bliantúil eitice a chomhlánú de réir fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí.

### **Buan-Orduithe**

Leagtar amach i mBuan-Orduithe an Údaráis na nósanna imeachta trína seolann an tÚdarás a ghnó.

### **Scéim Tarmligin**

Tá scéim tarmligin comhaontaithe ag an Údarás. Leagtar amach inti:

- Údarás tarmligthe don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach chun caiteachas faoi bhun tairseacha comhaontaithe a cheadú;
- Nithe a bhaineann le rialachas atá forchoimeáda don Údarás; agus
- Feidhmeanna reachtúla an Údaráis agus a mhéid atá siad tarmligthe chuig Coiste den Údarás nó chuig an bPríomhfheidhmeannach nó atá siad forchoimeáda don Údarás.

### **Meastóireacht Feidhmíochta**

Rinneadh athbhreithniú féinmheasúnaithe ar éifeachtacht an Údaráis agus a Choistí sa bhliain 2023 de réir cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar é sin gach bliain trí shuirbhé gan ainm a dhéanamh ar gach comhalta atá ann cheana, lena n-áirítear comhaltaí seachtracha Coistí, ag deireadh na bliana.

### **Formhaoirseacht ag an Máthair-Roinn**

Tá Comhaontú Formhaoirseachta agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta i bhfeidhm leis an Roinn Dlí agus Cirt ina sainítear go soiléir téarmaí an chaidrimh idir an Roinn agus an tÚdarás. Déantar cur síos iontu freisin ar na príomhróil, na príomhfhreagrachtaí agus na príomhthacaí atá mar bhonn agus thaca ag an gcaidreamh idir an tÚdarás ar thaobh amháin agus an Roinn, an tAire agus an tOireachtas ar an taobh eile. Léirítear agus leagtar amach sna comhaontuithe sin a mhéid atá na ceanglais um chomhlíonadh sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú oiriúnaithe go cuí d'imthosca (lena n-áirítear méid agus neamhspleáchas) an Údaráis.

Le roinnt d'fheidhmeanna an Údaráis Phóilíneachta a leagtar amach san Acht, ceanglaítear ar an Údarás dul i ndáil chomhairle leis an Aire nó leis an Rialtas ar nithe éagsúla nó comhairle a chur air ina leith nó eolas a thabhairt dó fúthu. Cuirtear cruinnithe idirchaidrimh rialachais idir lucht ardbhainistíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus lucht ardbhainistíochta an Údaráis ar siúl ar bhonn leathbhliantúil chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun míreanna leasa choitinn i ndáil le sainchúram an Údaráis a bhreithniú.



## **An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca**

Bunaíodh Coiste Iniúcháireachta agus Riosca i mí Iúil 2016 faoi Chairt Coiste Iniúcháireachta agus Riosca. Tá sé comhdhéanta de bheirt chomhaltaí sheachtracha agus de chomhalta amháin den Údarás, agus tháinig sé le chéile cúig huaire sa bhliain 2023. Soláthraíonn an Coiste comhairle neamhspleách don Údarás agus don Oifigeach Cuntasaíochta, lena n-áirítear i ndáil le hoiriúnacht agus láidreacht rialú inmheánach, iniúcháireacht inmheánach, bhainistíocht riosca, agus chórais agus nósanna imeachta rialachais na heagraíochta.

### **Bainistíocht Riosca**

Tá Beartas cuimsitheach Bainistíochta Riosca, Ráiteas cuimsitheach faoi Fhonn Riosca agus córas cuimsitheach chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí i bhfeidhm ag an Údarás, lena n-áirítear Clár Rioscaí atá mionsonraithe agus cothrom le dáta. Áirítear leis an gClár Rioscaí measúnú mionsonraithe ar na príomhrioscaí don Údarás agus tuairisc ar na rioscaí agus ar na rialuithe agus na bearta inmheánacha a cuireadh i bhfeidhm chun gach riosca a mhaolú. Déanann Príomhoifigeach Riosca an Údaráis an Clár Rioscaí a chothabháil, agus athraítear chun dáta é ar bhonn leanúnach chun rioscaí nua a thagann chun cinn ar gach leibhéal den eagraíocht, agus athruithe ar na rialuithe chun rioscaí a mhaolú, a léiriú. Athbhreithníonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Clár Rioscaí gach ráithe, agus athbhreithniú iomlán á dhéanamh ag an Údarás uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana. Is buanmhír ar chlár oibre chruinnithe míosúla an Údaráis í bainistíocht riosca, agus athbhreithnítear Tuarascáil mhíosúil ar Bhainistíocht Riosca agus pléitear na rioscaí sonracha. Is buanmhír ar chruinnithe an lucht bainistíochta agus na foirne í bainistíocht riosca freisin, agus dearbhú á thabhairt go dtugtar aghaidh ar rioscaí agus ar bhearta atá ceaptha chun rioscaí a mhaolú i gcomhthéacs na bpléití suntasacha agus na gcinntí suntasacha uile a dhéanann an tÚdarás agus i gcomhthéacs nósanna imeachta uile an Údaráis.

### **Córas Rialuithe Inmheánacha**

Tá córais agus nósanna imeachta atá láidir agus éifeachtach i bhfeidhm san Údarás maidir le rialú inmheánach chun a chinntiú go gcomhlíonfar, de réir mar is cuí, na prionsabail, ceanglais agus treoirlínte iomchuí de chuid an Chóid Caiteachais Phoiblí agus chun rioscaí a mhaolú. Rinne soláthraí Iniúcháireachta Inmheánaí athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh chun a chinntiú go ndearnadh gach gné den bhainistíocht riosca agus den rialú inmheánach don bhliain a bhreithniú agus chun dearbhú suntasach a sholáthar maidir le leordhóthanacht na gcóras rialaithe inmheánaigh chun príomhrioscaí dúchasacha a mhaolú agus/nó a bhainistiú. Ba i mí na Nollag 2023 a tosaíodh an t-iniúchadh i leith na bliana 2023, agus cuireadh i gcrích i ráithe 1 den bhliain 2024 é.

### **Iniúcháireacht Inmheánach**

Faigheann feidhm iniúcháireachta inmheánaí an Údaráis tacaíocht ó Crowleys DFK, ár soláthraí iniúcháireachta inmheánaí, a conraíodh tar éis próiseas soláthair a seoladh sa bhliain 2020. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca formhaoirseacht ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí, lena n-áirítear an plean oibre bliantúil. Sa bhliain 2023, gabhadh trí iniúchadh de lámh, ar tugadh na tuarascálacha orthu don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

### **Soláthar**

Treoraítear an ghníomhaíocht soláthair ar fad leis an gCód Caiteachais Phoiblí arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus bhí Plean Soláthair Chorparáidigh i bhfeidhm don bhliain 2023. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás le haghaidh earraí agus seirbhísí a fháil. Lorgaítear ceadú foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, nuair is cuí, le haghaidh caiteachas os cionn tairseach chomhaontaithe.

## Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Tá an tÚdarás tiomanta do sheirbhís atá gairmiúil, éifeachtúil, cúirtéiseach agus ar ardchaighdeán a sholáthar do gach duine a dhéanann cumarsáid linn, de réir na bprionsabal um Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Mar sin, d'fhoilsíomar an [Chairt Chustaiméirí 2022 – 2024](#) uainn agus an [Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2022 – 2024](#) uainn araon ar ár suíomh Gréasáin.

## Tuairisciú Airgeadais

Bhí na nósanna imeachta cuí uile le haghaidh tuairisciú airgeadais i bhfeidhm laistigh den Údarás sa bhliain 2023, lena n-áirítear:

- Buiséad bliantúil a ndearna an tÚdarás faireachán ar chaiteachas i gcomparáid leis, faoi threoir sainchúram reachtúil an Údaráis a bhaint amach ar fud na bliana;
- Forbhreathnú airgeadais ar sholáthair an Príomhfheidhmeannach é do Chomhaltaí an Údaráis ar bhonn míósúil, agus tuarascáil mhionsonraithe a soláthraíodh ar bhonn ráithiúil;
- Déantar tuarascálacha foirmiúla ar chaiteachas iarbhír i gcomparáid leis na buiséid a chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe ar bhonn míósúil, agus tuairiscítear iad don Údarás gach mí agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ag gach ceann dá chruinnithe;
- Déantar ionadaíocht don Údarás ag cruinnithe den Choiste Bainistíochta Airgeadais maidir le Vóta na hEarnála Dlí agus Cirt chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas don Ghrúpa Vóta, chun aon saincheistanna comhchoiteanna airgeadais a phlé agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhíreanna suntasacha caiteachais nua;
- Déantar an Cuntas Leithreasa Bliantúil a ullmhú agus a chur isteach lena iniúchadh chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste; agus
- Soláthraítear tuarascálacha ábhartha agus tráthúla ina gcuimsítear faisnéis airgeadais agus neamhairgeadais don lucht ardbhainistíochta.

## Comhlíonadh na Reachtaíochta

Bunaíodh an tÚdarás le hAcht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), lena leasíodh Acht an Gharda Síochána, 2005, agus oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta sin. Tá socruithe i bhfeidhm aige freisin chun a chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh na bhforálacha reachtúla seo a leanas, nuair is infheidhme:

### Cosaint Sonraí

Comhlíonann an tÚdarás an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. Tá socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go leanfar leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh, rud a tháinig in éifeacht an 25 Bealtaine 2018. Déanann Oifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis, ar cuireadh oiliúint chuí air, na socruithe sin a bhainistiú, agus tuairiscíonn an tOifigeach sin go díreach don Phríomhfheidhmeannach. Cuireadh an Coimisiún um Chosaint Sonraí ar an eolas faoi Oifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis.

Tá Beartas Cosanta Sonraí i bhfeidhm ag an Údarás. Áirítear leis sraith treoirlínte don fhoireann atá bunaithe ar na hocht Riail Cosanta Sonraí chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an tÚdarás RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. Sa bhliain 2023, ní bhfuair an tÚdarás aon Iarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Tuairiscíodh sárú sonraí amháin don Choimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2023.

## Saoráil Faisnéise

Soláthraíonn an tÚdarás faisnéis chuimsitheach ar a shuíomh Gréasáin i ndáil le comhlíonadh na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise. Áirítear leis sin scéim foilsithe lena soláthraítear faisnéis faoi fheidhmeanna an Údaráis agus faoin ábhar a chuireann sé ar fáil go poiblí. Sa bhliain 2023, fuair an tÚdarás cúig iarraidh Saorála Faisnéise. Is féidir mionsonraí faoi na hiarrataí Saorála Faisnéise sin nach mbaineann le sonraí pearsanta a fháil ar an taifead nochta ar [shuíomh Gréasáin](#) an Údaráis.

## Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Le Dualgas na hEarnála Poiblí (Dualgas), nó alt 42(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí aird a bheith acu ar an ngá le hidirdhealú a dhíothú, le comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann dá mbaill foirne agus do na daoine a soláthraíonn siad seirbhísí dóibh a chur chun cinn, agus le cearta an duine atá ag a gcomhaltaí, ag a mbaill foirne agus ag na daoine a soláthraíonn siad seirbhísí dóibh a chosaint.

Tugtar sa mhéid seo a leanas an t-eolas is deireanaí ar an dóigh a bhfuil an Dualgas curtha chun feidhme againn de réir alt 42(2), lena gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhionannais atá ábhartha dá gcuid oibre, aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí bheartais shonracha, pleananna sonracha agus gníomhartha sonracha, agus tuairisc a thabhairt ar éachtaí ina leith sin sa tuarascáil bhliantúil uathu.

Tá ‘Cearta an Duine’ ar cheann amháin de luachanna an Údaráis, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise reatha don tréimhse 2022 – 2024. Tá an tÚdarás fós tiomanta d’athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a chuid beartas agus nósanna imeachta chun comhlíonadh phrionsabail chearta an duine a choinneáil ar bun, agus go sonracha na hoibleagáidí faoin Dualgas.

Sa tréimhse 2022-23, d’fhorbair an tÚdarás Creat agus Plean Cur Chun Feidhme sonracha chun an Dualgas a chur chun feidhme, ar aon dul leis an treoir ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Sa Chreat agus Plean Cur Chun Feidhme sin, measúnaítear saincheisteanna chearta an duine agus saincheisteanna comhionannais atá ábhartha dár gcuid feidhmeanna trí chur chuige atá bunaithe ar luachanna a ghlacadh agus sainaithearnáil roinnt gníomhartha sonracha atá le déanamh.

Tá an dul chun cinn ar ár n-obair cur chun feidhme faoi stiúir agus faoi fhorhóirseacht ag Grúpa Oibre tiomnaithe a chuimsíonn baill foirne ó gach grád den Fhoireann Feidhmiúcháin.

Chuir baill foirne ón bhFoireann Feidhmiúcháin oiliúint ar inrochtaineacht dhigiteach i gcrích, agus rinne siad dul chun cinn ar a inrochtana atá ár gcumarsáidí a fheabhsú ar mhaithe leis na ceanglais riachtanacha atá leagtha amach sa Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin a chomhlíonadh.

Is é príomhról an Údaráis formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann an Garda Síochána a chuid feidhmeanna maidir le seirbhísí póilíneachta. Áirítear leis sin a chinntiú go soláthraítear seirbhísí póilíneachta de réir na gcaighdeán eitice is fearr agus ar mhodh a sheasann cearta an duine atá ag gach duine aonair. Maidir leis sin, rinne an tÚdarás, ag obair dó i gcomhar le Cigireacht an Gharda Síochána, Jane Gordon Uas. a chonrú chun Creat um Chearta an Duine le haghaidh Formhaoirseacht agus Cigireachtaí Póilíneachta a fhorbairt mar chuid den aistriú chuig an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus mar chuid d’obair formhaoirseachta amach anseo an Údaráis nua.

Cuireann an tÚdarás béim láidir ar an gceart chun nósanna imeachta córa, ar an gceart chun príobháideachta, ar rochtain chomhionann agus ar chóir chomhionann i ngach gné dá fheidhmeanna, agus déanann sé dianiarracht a chinntiú go ndéanaimid ár ngníomhaíochtaí uile a sheoladh faoi sholas chearta an duine agus an chomhionannais. Tá ár n-oibleagáidí ina leith sin ina gcuid dhílis de na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí uile atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Oibrímid go leanúnach chun a chinntiú go ndéanfar dínit agus folláine ár bhfoirne ar fad a chosaint agus go spreagtar cultúr rannpháirtíochta agus measa, ag féachaint do na cearta agus prionsabail sin. Leanaimid de fhreastal réasúnta agus gníomhartha dearfacha a fhiosrú agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag ár bhfórsa saothair éagsúil agus ag ár ngeallsealbhóirí ar ár n-áit oibre, ar ár gcleachtais oibre agus ar ár gcumarsáidí. Coinnítear gach beartas agus cleachtas inmheánach faoi athbhreithniú chun a chinntiú go gcomhlíonfar an dea-chleachtas sna réimsí sin.

Tá an tÚdarás tiomanta do chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn agus aithníonn sé nach iad na méadrachtaí eacnamaíocha na méadrachtaí tábhachtacha amháin do chomhlachtaí Stáit, ach go n-áirítear leo freisin méadrachtaí cultúir, éagsúlachta agus cuimsithe mar aon le folláine na ndaoine atá á bhfostú, rud lena gcothaítear caidreamh níos fearr i measc na foirne agus na ngeallsealbhóirí agus lena gcumasaítear torthaí níos fearr a bhaint amach do shaoránaigh agus do phobail dá bharr. Is as mná agus fir a bheith ag obair agus ag rialú ar bhonn cothrom a thagann torthaí lena soláthraítear tairbhí dearfacha don Rialtas agus don tsochaí.

Cé go bhfuil sé faoin Aire Dlí agus Cirt comhaltaí an Údaráis a cheapadh, tá cothromaíocht chuí inscne i ndáil leis an Údarás leagtha amach san Acht (alt 62C d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú), áit a luaitear an méid seo a leanas: “le linn dó comhaltaí an Údaráis a cheapadh, beidh aird ag an Rialtas ar an gcuspóir arb é atá ann gur mná a bheidh i líon nach lú ná ceathrar comhaltaí agus gur fir a bheidh i líon nach lú ná ceathrar comhaltaí”. Den naonúr comhaltaí den Údarás amhail an 31 Nollaig 2023, ba mhná iad ceathrar agus b'fhir iad cúigear. Den seisear comhaltaí den Údarás a bhí fágtha ag an 1 Eanáir 2024, is mná iad triúr agus is fir iad triúr. Is bean í Cathaoirleach an Údaráis. Cuimsíonn an Fhoireann Ardbhainistíochta Feidhmiúcháin triúr ban freisin.

Leithdháileann an tÚdarás na cistí a theastaíonn chun a chinntiú go gcuirtear freastal réasúnta ar fáil do bhaill foirne faoi mhíchumas chun cur ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh san áit oibre.

Cuirtear éagsúlacht tuairimí chun cinn trí raon fairsing tuairimí a iarraidh ó chomhaltaí an Údaráis, ó chomhaltaí coistí agus ó bhaill foirne agus trí fháiltiú roimh na tuairimí sin.

Cuireann an tÚdarás comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn trína Chlár um Chaidreamh le Geallsealbhóirí, trí éisteacht le raon éagsúil geallsealbhóirí ar bhonn leanúnach, chun eolas a dhéanamh d'obair formhaoirseachta an Údaráis. Le linn na bliana 2023, chuir an tÚdarás béim láidir ar chaidreamh a dhéanamh le grúpaí a dhéanann ionadaíocht do phobail éagsúla, lena n-áirítear grúpaí nach gcloistear a dtuairimí go minic agus grúpaí mionlaigh, chun measúnú a dhéanamh ar an méid cothroime agus comhionannais a fheidhmítear le linn cumhachtaí póilíní a úsáid. Rinne Comhaltaí den Údarás agus baill foirne na Foirne Feidhmiúcháin caidreamh le comhaltaí agus baill foirne den Gharda Síochána agus lena gcuid comhlachas agus ceardchumann freisin.

#### An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta don Údarás Póilíneachta sa bhliain 2023.

Tá an tÚdarás Póilíneachta tiomanta do thimpeallacht a chothú ina mbraitheann gach duine a oibríonn san Údarás go bhfuil siad in ann labhairt amach. Trí labhairt amach, is féidir le baill foirne an eagraíocht a

fheabhsú agus cabhrú lena chinntiú go gcoinneofar na caighdeáin is airde ar bun. Tá an tÚdarás tiomanta dá chinntiú go n-éistfear go cúramach le haon ábhair imní a tharraingíonn baill foirne anuas chun gur féidir gníomhaíocht phras a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna. Tá an tÚdarás tiomanta don chlár um Ionracas ag an Obair de chuid Transparency International a chomhlíonadh.

Déantar foráil leis an Acht maidir le cosaintí áirithe dlí d'oibrithe nuair a tharraingíonn siad ábhair imní anuas maidir le héagóiritheoireacht fhéideartha san áit oibre. Leagtar amach ann cad is nochtadh cosanta ann agus na coimircí dlí atá i bhfeidhm chun oibrithe a dhéanann nochtadh cosanta a chosaint. De réir an Achta, tá Beartas um Nochtadh Cosanta i bhfeidhm ag an Údarás ina leagtar amach na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun éagóiritheoireacht a thuairisciú de réir cheanglais an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Leagtar amach sa Bheartas na prionsabail atá mar bhonn agus thaca ag cultúr eiticiúil a fhorbairt agus a choinneáil ar bun san eagraíocht agus na mionsonraí oibríochtúla maidir le conas a fhéadfaidh baill foirne agus comhaltaí an Údaráis nochtadh cosanta a dhéanamh. Níl an tÚdarás ina chomhlacht forordaithe faoin Acht.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

## 5. Faisnéis Airgeadais 2023

Leagtar amach sa rannán seo faisnéis airgeadais i ndáil leis an airgead a leithdháileadh ar an Údarás agus i ndáil leis an dóigh ar caitheadh an t-airgead sin sa bhliain. Le linn dó a shainordú a chur i gcrích, faigheann an tÚdarás cistiú díreach ón Stáitchiste i bhfoirm leithdháileadh bliantúil Caiteachais Vótáilte.

Is é nó í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Údaráis agus, sa cháil sin, tá sé nó sí cuntasach don Oireachtas maidir leis na cistí go léir arna vótáil don Údarás le haghaidh seirbhísí a sholáthar.

### Caiteachas 2023

Tá an fhaisnéis airgeadais ar fad faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. B'ionann agus €3.389 milliún an t-ollchaiteachas ó Vóta an Údaráis Póilíneachta don bhliain 2023. Áiríodh leis an tsuim sin párolla foirne ab ionann agus €2.397 milliún, a bhí freagrach as 71% den chaiteachas iomlán.

Tá ráitis airgeadais an Údaráis i bhfoirm an Chuntais Leithreasa Bhliantúil, a gcuireann an tOifigeach Cuntasaíochta é faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh. Foilseoidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Cuntas an Údaráis don bhliain 2023 i bhfoilseachán na gCuntas Leithreasa i mí Mheán Fómhair 2024.

Tá anailís ar staid an Vóta agus faisnéis ghaolmhar i leith na bliana 2023 ar fáil sa tuarascáil airgeadais achoimre suas go dtí an 31 Nollaig 2023 in Aguisín 3. Tá an tuarascáil sin faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le linn na bliana 2024.

### Costais Leithroinnte

I dteannta na gcostas arna dtabhú go díreach ag an Údarás, ní mór costais arna dtabhú ag Ranna agus oifigí eile a chur san áireamh chun léargas foriomlán a thabhairt ar an gcostas a bhaineann leis an Údarás a oibriú.

Tabhaíodh na costais leithroinnte seo a leanas in áit eile thar ceann an Údaráis:

- €258,000 faoi Vóta 13 – Oifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le cíos agus seirbhísí gaolmhara le haghaidh oifigí an Údaráis;
- €5,000 faoi Vóta 18 – Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta i ndáil le hAcmhainní Daonna agus le Seirbhísí Comhroinnte Párolla;
- €60,000 faoi Vóta 24 – An Roinn Dlí agus Cirt i ndáil le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais; agus
- €51,000 faoi Vóta 43 – Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais i ndáil le Seirbhísí TFC.

### Táillí, Tuarastail agus Speansais

Maidir leis an táille bhliantúil is infoctha le Comhaltaí an Údaráis Póilíneachta don bhliain 2023, tá sí de réir an ráta arna cheadú ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. De réir na dtreoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, níor íocadh táille ar bith le seirbhísigh phoiblí a bhí ag fónamh ar an Údarás.

Comhlíontar go hiomlán na treoirlínte uile ón Rialtas maidir le pá Príomhfheidhmeannach agus fostaithe Comhlachtaí Stáit. Is státseirbhísigh iad fostaithe uile an Údaráis, agus faigheann siad luach saothair de réir na scálaí tuarastail státseirbhíse atá oiriúnach dá ngrád agus dá seirbhís.

B'ionann agus €2.397 milliún an costas párolla foirne iomlán don Údarás sa bhliain 2023. Tháinig laghdú ar líon foirne an Údaráis ó 39 mball foirne i mí Eanáir 2023 go 35 bhall foirne san iomlán ag an 31 Nollaig 2023.

Taispeántar sa tábla seo a leanas an líon fostaithe ar tháinig na sochair iomlána fostaíochta (lena n-áirítear ÁSPC Fostóra ach gan costais phinsin fostóra a áireamh) a íocadh leo sa bhliain 2023 faoi gach ceann de na bandaí pá seo a leanas:

**Tábla 5: Bandaí pá fostaithe 2023**

Banda Pá	An Líon Fostaithe
€60,000 - €70,000	3
€70,000 - €80,000	1
€80,000 - €90,000	4
€90,000 - €100,000	3
€100,000 - €110,000	-
€110,000 - €120,000	1
€120,000 - €130,000	-
€130,000 - €140,000	1
€140,000 - €150,000	-
€150,000 - €160,000	-
€160,000 - €170,000	-
€170,000 - €180,000	1
€180,000 - €190,000	-
€190,000 - €200,000	-

B'ionann agus €528,260 an cúiteamh comhiomlán a fuair Foireann Ardbhainistíochta an Údaráis sa bhliain 2023, agus é comhdhéanta de thuarastail agus ÁSPC Fostóra. Ina theannta sin, íocadh speansais iomlána ab fhiú €13,999 i ndáil le taisteal don Fhoireann Ardbhainistíochta le linn dualgais oifigiúla a chomhlíonadh.

Íoctar speansais taistil le Comhaltaí agus baill foirne an Údaráis de réir mar is cuí agus de réir Bheartas Taistil an Údaráis. B'ionann agus €1,420 an caiteachas iomlán i ndáil le fáilteachas agus bronntanais sa bhliain 2023.

## Caiteachas Comhairleoireachta

Bhain caiteachas iomlán ab ionann agus €10,879 sa bhliain 2023 le comhairleoireacht sheachtrach agus le táillí comhairleora, atá aicmithe mar a leanas:

- Dlí: €10,879
- Comhairleach: €0

## Cánachas

Chomhlíon an tÚdarás na hoibleagáidí a bhí air faoin dlí cánach sa bhliain 2023.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá sé mar bheartas ag an Údarás Póilíneachta téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ina n-iomláine. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a chinntiú go n-íocfar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur dearadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní thugtar leo ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, nach mbeidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta ann.

Sa bhliain 2023, tabhaíodh pionóis íocaíochta déanaí maidir le cúig shonrasc. B'ionann agus €321.99 (atá comhdhéanta de €31.99 in ús agus €290.00 i gcúiteamh) suim iomlán na bpionós a íocadh le linn na bliana 2023 mar thoradh ar íocaíochtaí déanacha. Is ionann an tsuim sin agus 3.32% de luach iomlán na sonrasc a íocadh go déanach, arbh ionann é agus €9,705.72.



## Aguisín 1 – Stádas na dTosaíochtaí Corparáideacha don bhliain 2023 ag an 31 Nollaig 2023

Leagtar amach san aguisín seo an dul chun cinn a rinneadh in aghaidh ár dtosaíochtaí straitéiseacha don bhliain 2023. Is iad sin na tosaíochtaí a sainithníodh don bhliain 2023 agus trína mbogfaidh an tÚdarás i dtreo na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2022-24 uaidh a bhaint amach. I gcás roinnt de na tosaíochtaí, tá sé mar aidhm iad a bhaint amach laistigh de bhliain amháin. I gcás tosaíochtaí eile, leanfar le hiad a shaothrú ar fud thrí bliana an Ráitis Straitéise.

**Tábla 6: Stádas na dTosaíochtaí Corparáideacha don bhliain 2023 ag an 31 Nollaig 2023**

Uimhir	Gníomh	Stádas Dearg, Ómrach nó Glas amhail ráithe 4	An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail ráithe 4
1	Creat inniúlachta nua a fhorbairt agus a sholáthar do cheapacháin an Gharda Síochána chuig céimeanna Ceannfoirt, Ard-Cheannfoirt agus Leas-Choimisinéara.	Gan a bheith curtha i gcrích	Tháirg The Performance Partnership na Creatáí Inniúlachta mar aon le tuarascáil mhionsonraithe. Breithneoidh an Coiste Ceapachán iad sin an 13 Feabhra d'fhonn iad a thabhairt os comhair chruinniú an Údaráis i mí Feabhra lena gceadú, ar ina dhiaidh a dhéanfar caidreamh leis an nGarda Síochána i ndáil le cur chun feidhme.
2	Socrúithe a dhéanamh le haghaidh aistriú réidh an phróisis ceapacháin chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.	Ar Sprioc	Cuireadh tús le díospóireacht leis an nGarda Síochána agus leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le próisis chomórtais agus taifid ábhartha a aistriú.
3	Ceapacháin – reáchtáladh dhá chomórtas sa bhliain 2023 le haghaidh chéim an Cheannfoirt agus an Ard-Cheannfoirt (agus comórtais le haghaidh Coimisinéir Cúnta agus Leas-Choimisinéara, b'fhéidir).	Curtha i gcrích	Reáchtáladh dhá chomórtas sa bhliain 2023 le haghaidh chéim an Cheannfoirt agus an Ard-Cheannfoirt.
4	Tógáil ar an obair Léirithe Míshásaimh sa bhliain 2022 – Díriú ar an bhformhaoirseacht ar an bhfreagairt ón nGarda Síochána do Léirithe Míshásaimh, ag díriú go sonrach ar an úsáid a bhaineann sé as bainistíocht feidhmíochta agus as araíonacht chun freagairt do dhrochfheidhmíocht, d'iompraíocht mhíchuí agus d'éilliú agus chun iad sin a chosc.	Ar Sprioc	Coinníodh díriú láidir leanúnach ar an topaic sin ar leibhéal an Údaráis, na gCoistí agus na Foirne Feidhmiúcháin ar fud na bliana 2023. Táirgeadh achoimre staidrimh aonleathanaigh ar an topaic sin agus táthar ag déanamh plé ar an achoimre sin a fhoilsiú.

Uimhir	Gníomh	Stádas Dearg, Ómraich nó Glas amhail ráithe 4	An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail ráithe 4
5	An tÚdarás Póilíneachta a aistriú ina Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail. Caidreamh gníomhach a dhéanamh le grúpaí stiúrtha na Roinne Dlí agus Cirt maidir le gach gné thábhachtach den reachtaíocht. Caidreamh a dhéanamh leis na Sainchomhairleoirí. An riocht atá le cur orainn agus an riocht atá orainn faoi láthair a léarscáiliú agus sainaithint a dhéanamh ar na bearnaí atá le líonadh agus na sruthanna oibre atá le cur i gcrích chun an eagraíocht a ullmhú chun a bheith ina hÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail.	Ar Sprioc	Chuir an Roinn Dlí agus Cirt an dáta aistrithe in iúl. Tá na sruthanna oibre uile bunaithe agus gníomhach anois. Táthar ag súil leis go gcuirfear an obair aistrithe i gcrích faoin dáta sin.
6	Acmhainní Daonna Straitéiseacha chun tacú leis an aistriú	Ar Sprioc	Leanfar den obair aistrithe a dhéanamh suas go dtí an dáta tosaithe don Údarás nua.
7	Athbhreithniú ar thionchar an Údaráis Póilíneachta ar an tSeirbhís Póilíneachta	Gan a bheith curtha i gcrích	Ní dhearnadh aon chinneadh ar leanúint leis an tionscadal seo agus, dá bhrí sin, níor cuireadh i gcrích é sa bhliain 2023. Is féidir go gcuirfear tús leis an athuair sa bhliain 2024 roimh an aistriú chuig an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail.

Uimhir	Gníomh	Stádas Dearg, Ómrach nó Glas amhail ráithe 4	An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail ráithe 4
8	Póilíneacht i bpobail agus sábháilteacht pobail	Curtha i gcrích	<p>Thionóil an tÚdarás ceithre chruinniú laistigh de phobail sa bhliain 2023: i Lárchathair Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath (Aibreán), i nDroichead Átha (Meitheamh), i Maigh Eo (Deireadh Fómhair), agus i bPort Láirge (Samhain). Chun tacú leis na cruinnithe sin, thug an Fhoireann Feidhmiúcháin faoi 74 imeacht caidrimh leis an nGarda Síochána agus faoi 74 imeacht caidrimh le heagraíochtaí pobail agus geallsealbhóirí pobail (ab ionann agus breis agus leath imeachtaí caidrimh uile na Foirne Feidhmiúcháin sa bhliain 2023). Leis sin, tugadh méid suntasach ábhair lena ndearnadh soláthar do sheisiúin faisnéise le haghaidh na gcruinnithe a bhí i gceist ach a bhí ríthábhachtach freisin maidir leis an mórghníomhaíocht formhaoirseachta agus maidir le huasoiliúint agus oiliúint a chur ar bhail den Fhoireann Feidhmiúcháin.</p> <p>De bhreis air sin, i ngach ceann de na láithreacha sin, bhuaile an tÚdarás le raon geallsealbhóirí, le bainisteoirí áitiúla Rannáin agus le comhaltaí túsline roimh na cruinnithe poiblí leis an gCoimisinéir agus lena fhoireann ceannaireachta sinsearaí.</p>
		Curtha i gcrích go páirteach	Cuireadh na trí imeacht réigiúnacha ar siúl agus d'éirigh leo. Cinneadh nach seolfaí an t-imeacht bliantúil i mbliana agus, mar sin de, tá an mhír seo curtha i gcrích go páirteach.

Uimhir	Gníomh	Stádas Dearg, Ómraich nó Glas amhail ráithe 4	An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail ráithe 4
	Póilíneacht i bpobail agus sábháilteacht pobail	Curtha i gcrích go páirteach	D'fhoilsigh an tÚdarás doiciméad dar teideal 'What We Heard 2022' i mí Feabhra 2023, inar gabhadh na heispéiris agus na tuairimí ar an bpóilíneacht a fuarthas ó na grúpaí pobail agus na geallsealbhóirí a ndearnadh caidreamh leo sa bhliain 2022. Rinneadh an cinneadh ina dhiaidh sin aon fhoilseachán breise a chur siar go dtí ráithe 1 den bhliain 2024 agus chun leanúint idir an dá linn den aiseolas ó gheallsealbhóirí agus ó fhórsa saothair an Gharda Síochána a ghabháil laistigh de na Measúnuithe leathbhliantúla ar Fheidhmíocht Póilíneachta agus laistigh d'fhoilseacháin den chineál céanna. Ar aon dul leis an gcinneadh sin, foilsíodh Measúnú 2023 (lenar cumhdaíodh an tréimhse ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh) i mí na Nollag 2023 agus tugadh dréacht tosaigh den fhoilseachán dar teideal 'What We Heard 2023' do chruinniú an Údaráis i mí na Nollag, inar gabhadh na príomhthéamaí a bhí ag teacht chun cinn ón gcaidreamh a bhí ar bun ag an Údarás agus ag an bhFoireann Feidhmiúcháin le Fórsa Saothair an Gharda Síochána. Tá sé beartaithe é a fhoilsiú i mí Feabhra 2024.
9	Measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé Suirbhé Náisiúnta a dhéanamh ar an Údarás Póilíneachta agus ullmhú don suirbhé sin	Curtha i gcrích	Cé gur curtha i gcrích atá an measúnú ar indéantacht (tugadh don Údarás i ráithe 2 páipéar cuimsitheach inar achoimríodh an costas féideartha, na hamlínte, etc.), cinneadh ullmhúcháin bhreise le haghaidh suirbhé den sórt sin a ghabháil de láimh iarbhír a chur ar sos mar gheall ar an éileamh ar acmhainní i bhfianaise an aistrithe.
10	Comhscéim Sparánachta Taighde 2023	Gan a bheith curtha i gcrích	Tugadh iarraidh le haghaidh Luachaintí le haghaidh athbhreithniú fianaisebhunaithe ar idirghabhálacha lena gcomhlánófaí Straitéis Sláinte agus Folláine an Gharda Síochána atá ann cheana chun críche lena seoladh i mí Eanáir 2024, agus deireadh mhí Feabhra 2024 mar spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach.

Uimhir	Gníomh	Stádas Dearg, Ómrach nó Glas amhail ráithe 4	An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail ráithe 4
11	Formhaoirseacht a dhéanamh ar Fheidhmíocht in aghaidh na dTosaíochtaí Póilíneachta agus in aghaidh an Phlean Póilíneachta	Curtha i gcrích	<p>De réir an eolais is deireanaí i gcomparáid leis na cruinnithe poiblí a seoladh laistigh de phobail, bhí na cruinnithe a tionóladh chun tacú leis na cruinnithe sin ar an modh lárnach trínar ghabh an Fhoireann Feidhmiúcháin obair allamuigh de láimh chun formhaoirseacht a dhéanamh ar na Tosaíochtaí agus ar an bPlean. De bhreis air sin, bhí raon imeachtaí caidrimh eile ann le haonaid eile agus le biúróna náisiúnta ar fud réimsí feidhme uile an Gharda Síochána, rud ar thacaigh méid suntasach oibre deascbhunaithe leis. Áiríodh leis sin caidreamh leis an nGarda Síochána chun an tuairisciú ráithiúil a fhorbairt i gcónaí agus, ina dhiaidh sin, anailís a dhéanamh ar an tuairisciú agus ar shraith doiciméad eile ón nGarda Síochána a fuarthas ar bhonn tráthrialta (Measúnú Míósúil Oirbheartaíochta, Anailís Iompraíochta Próisis, an Tuarascáil Mhíósúil ón gCoimisinéir, etc.) agus ar bhonn iarrataí aonuaire (trí Chlár Gníomhartha an Gharda Síochána), agus ar fhaisnéis ón bPríomh-Oifig Staidrimh, ar fhoinsí acadúla agus ar fhoinsí eile. Ar na haschuir tá an Forbhreathnú míósúil ón bhFoireann Feidhmiúcháin ina dtugtar anailís achoimre ar an-chuid de na foinsí faisnéise thuas. De bhreis air sin, b’amhlaidh mar gheall ar dhoimhneacht an chaidrimh leis an bhfórsa saothair túsline, rud a baineadh amach trí na himeachtaí caidrimh atá luaite thuas, a bhíodhas in ann measúnú dian caolchúiseach a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na Tosaíochtaí, leis an bPlean agus le raon nithe eile.</p> <p>Rinneadh dhá Mheasúnú leathbhliantúla mar a bhí beartaithe, i mí Aibreáin agus i mí na Nollag. Cuireadh tús le hobair ar gach a bhfuil thuas a ghabháil sa Mheasúnú lánbhliana – rud a chuirfear faoi bhráid chruinniú an Údaráis i mí an Mhárta 2024 agus a fhoilseofar ina dhiaidh sin.</p>

Uimhir	Gníomh	Stádas Dearg, Ómrach nó Glas amhail ráithe 4	An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail ráithe 4
	Formhaoirseacht a dhéanamh ar Fheidhmíocht in aghaidh na dTosaíochtaí Póilíneachta agus in aghaidh an Phlean Póilíneachta	Ar Sprioc	Cuireadh athbhreithniú eile ar sheoladh ríomhchuidithe 999 ar siúl i mí na Samhna chun scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinne an Garda Síochána ar na moltaí ó Thuarascáil Penman a chur chun feidhme. Tá sé beartaithe go gcuirfear athbhreithniú eile ar siúl a luaithe a réiteofar an tsaincheist arb é atá ann rochtain ar éisteacht le glaonna.
12	Cur le hacmhainn na heagraíochta chun an Ráiteas Straitéise 2022-24 agus an Plean Gnó 2023 ón Údarás Póilíneachta a chomhlíonadh i réimse na sábháilteachta pobail agus i réimse an chaidrimh le geallsealbhóirí agus le póilíní.	Curtha i gcrích go páirteach	De réir mhíreanna 8 agus 11, rinneadh obair allamuigh (lenar áiríodh caidreamh le geallsealbhóirí) ar fud na bliana. Díríodh an fhorbairt acmhainne ar phríomhróil, agus tá tuilleadh breithnithe le déanamh ar oiliúint a sholáthar agus ar acmhainn a fhorbairt go ginearálta i gcomhthéacs an aistrithe.
13	Acmhainní an Gharda Síochána a cheadú agus a cheapadh – pleanáil fórsa saothair, anailís ar chásanna gnó, agus ceapacháin mhíosúla.	Curtha i gcrích	<p>Seoladh cúig chruinniú Tí Imréitigh lenar bhain ionadaithe ó Fhoireann Feidhmiúcháin an Údaráis, ón Roinn Dlí agus Cirt, ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ón nGarda Síochána, ar mar thoradh orthu a soláthraíodh éifeachtúlacht shuntasach do gach páirtí. Rinne an Fhoireann Feidhmiúcháin caidreamh ar fud na bliana freisin le Rannán Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine an Gharda Síochána chun cabhrú le próisis inmheánacha a fhorbairt maidir le cásanna gnó, ar dá bharr a tháinig feabhas ar cháilíocht na gcásanna a bhíodhas ag fáil.</p> <p>Ag deireadh na bliana, ní raibh aon chásanna ann leis an Údarás agus bhí thart ar 100 post nua ceadaithe le toiliú ón Roinn Dlí agus Cirt agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Cheadaigh an tÚdarás cúig cheapachán shinsearacha (Príomhoifigeach agus os a chionn) sa bhliain 2023 agus ceadaíodh freisin líon cosúil iasachtaí agus post gníomhach do bhaill foirne shinsearacha.</p>

Uimhir	Gníomh	Stádas Dearg, Ómrach nó Glas amhail ráithe 4	An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail ráithe 4
14	An eagraíocht a bhainistiú ó thaobh airgeadais de	Curtha i gcrích	Cuireadh cuntas leithreasa 2022 i gcrích; cuireadh iniúchadh rialuithe inmheánacha 2022 i gcrích; cuireadh iniúchadh seachtrach 2022 (an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) i gcrích; tá an t-aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais ar siúl agus ar sprioc le hamlínthe na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, tá an t-aistriú chuig an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (feidhmeanna airgeadais an Údaráis Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána) ar siúl; cuireadh obair Deireadh Bliana i gcrích; cuireadh iniúchadh rialuithe inmheánacha 2023 i gcrích.
15	Iniúchadh - Inmheánach	Curtha i gcrích	Cuireadh i gcrích ina iomláine plean iniúchóireachta 2024, mar a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus mar a rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca faireachán air. Lena linn sin, gabhadh iniúchtaí de lámh sna réimsí seo a leanas: Rialuithe Inmheánacha, iniúchadh leantach bliantúil de bhun moltaí roimhe, TFC, agus comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar mholtaí iniúchóireachta a dhúnadh, agus 36 mholadh dúnta sa bhliain – lena áiríodh moltaí a d’eascair as na hiniúchtaí thuas. Ag deireadh na bliana, bhí sé mholadh ar oscailt, a meastar go bhfuil trí cinn díobh le cur i gcrích i ráithe 1 den bhliain 2024 agus a mbreithneofar trí cinn díobh i gcomhthéacs na nuashonruithe beartais agus nós imeachta mar chuid den aistriú – ar aon dul le hathbhreithnithe beartais beartaithe.
16	Iniúchadh - Seachtrach (an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste)	Curtha i gcrích	Cuireadh iniúchadh seachtrach 2022 (an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) i gcrích.
17	Cloí leis an gCód Cleachtas agus le gach oibleagáid reachtúil rialachais agus tuairisc á tabhairt don Roinn Dlí agus Cirt.	Curtha i gcrích	Cuireadh na hoibleagáidí uile i gcrích go dtí seo agus táthar ag súil leis go gcuirfear oibleagáidí sa todhchaí i gcrích ar sprioc.

Uimhir	Gníomh	Stádas Dearg, Ómrach nó Glas amhail ráithe 4	An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail ráithe 4
18	Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Bhoird agus na gCoistí	Curtha i gcrích go páirteach	Rinneadh na hathbhreithnithe i ndáil leis an mbliain 2022 a chur i gcrích agus a thíolacadh don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Údarás i ráithe 1 den bhliain 2023. Osclaíodh an suirbhé mar a bhí beartaithe i ráithe 4 den bhliain 2023. Mar gheall ar na moilleanna ar fhreagraí a fháil ó na ceithre shuirbhé, áfach, ní rabhthas in ann na torthaí a sholáthar do chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Údaráis i mí na Nollag mar a bhí beartaithe. Cuireadh é sin siar go cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Údaráis i mí Feabhra.
19	Rúnaí don Údarás	Curtha i gcrích	Cuireadh na hoibleagáidí uile i gcrích go dtí seo.
20	Tuairisceáin Reachtúla – ón Rúnaí	Curtha i gcrích	Cuireadh na hoibleagáidí uile i gcrích go dtí seo.
21	Miontuairiscí ó chruinniú an Údaráis	Curtha i gcrích	Cuireadh na hoibleagáidí uile i gcrích go dtí seo.
22	Cloí leis na hoibleagáidí atá ar an Údarás faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí	Curtha i gcrích	Comhlíonadh na hoibleagáidí reachtúla uile agus cuireadh an t-iniúchadh maidir le comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí i gcrích.
23	Cloí leis na hoibleagáidí atá ann faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise	Curtha i gcrích	Tá na hiarrataí saorála faisnéise uile agus na hoibleagáidí tuairiscithe uile ar sprioc.



Uimhir	Gníomh	Stádas Dearg, Ómrach nó Glas amhail ráithe 4	An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail ráithe 4
24	Bainistíocht agus tuairisciú riosca	Curtha i gcrích	Soláthraíodh tuarascálacha riosca don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Údarás ar bhonn tráthrialta; tá riosca ar chlár oibre gach cruinnithe de chuid na Foirne Ardbhainistíochta agus na foirne uile agus, mar sin de, déantar an Clár a athbhreithniú agus a nuashonrú go tráthrialta; rinneadh teagmháil le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais chun an uirlis ríomh-Riosca a athbhreithniú chun breithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá sí don eagraíocht, agus soláthraíodh taispeántas.
25	Straitéis um Chumarsáid agus Caidreamh a chur chun feidhme (lena n-áirítear inneachar ar an suíomh Gréasáin).	Curtha i gcrích	Soláthraíodh cumarsáid agus caidreamh ar fud na bliana chun tacú le hobair an Údaráis agus le comhlíonadh a chuspóirí straitéiseacha.
26	Straitéis Taighde Ilbhliantúil a chur chun feidhme	I mbaol	Comhaontaíodh Meabhrán Tuisceana le haghaidh comhscéim taighde leis an nGarda Síochána agus dréachtaíodh Iarraidh le haghaidh Luachaintí i mí Eanáir 2024. Tá taighde éagsúlachta ar siúl agus le cur i gcrích i ráithe 2 den bhliain 2024. Rinne an tÚdarás cinneadh gan an taighde ar íospartaigh a fhoilsiú. Níl gníomhartha eile ón bplean taighde curtha i gcrích go fóill ach tá siad ar siúl fós.
27	Tionscadal Taighde Éagsúlachta	Ar siúl - ilbhlianta	Cuireadh tuarascáil eatramhach shásúil isteach an athuair; Tá an obair allamuigh ar fad curtha i gcrích anois; Tionóladh cruinniú leis an bhfoireann taighde chun dul chun cinn a phlé; Tá tuarascáil deiridh le cur isteach i mí an Mhárta 2024.
28	Caidrimh a fhorbairt trí fhreastal ar imeachtaí agus comhdhálacha agus trí idirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí reachtúla agus le comhlachtaí formhaoirseachta.	Curtha i gcrích	Freastalaíodh ar raon leathan comhdhálacha agus imeachtaí ar fud na bliana, agus rinneadh caidreamh le geallsealbhóirí reachtúla agus comhlachtaí formhaoirseachta in Éirinn agus thar lear, lena áiríodh mar óstach.

Uimhir	Gníomh	Stádas Dearg, Ómrach nó Glas amhail ráithe 4	An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail ráithe 4
29	Comhfhreagras agus fiosruithe a bhainistiú	Curtha i gcrích	Is ar siúl fós atá bainistíocht comhfhreagras agus fiosruithe tríd an gcóras ríomh-Chomhfhreagrais.
30	Cruinnithe an Údaráis – clár oibre, lóistíocht, páipéir, miontuairiscí	Curtha i gcrích	Soláthraíodh an 11 chruinniú sceidealaithe ar fad mar a bhí beartaithe agus soláthraíodh sé chruinniú breise freisin.
31	Coistí (an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, an Coiste um Fhorbairt Eagraíochta agus an Coiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta) – clár oibre, lóistíocht, páipéir, miontuairiscí	Curtha i gcrích go páirteach	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca: tionóladh cúig chruinniú. Ionductaíodh comhalta nua i ráithe 1 den bhliain 2023. An Coiste um Fhorbairt Eagraíochta: tionóladh trí chruinniú. An Coiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta: Cuireadh na sé chruinniú ar fad ar siúl mar a bhí beartaithe.
32	Pleanáil agus Athbhreithniú Eagraíochta	Curtha i gcrích	Cuireadh trí sheisiún athbhreithniúcháin leis an bhFoireann Bainistíochta i gcrích i mí Eanáir, i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair agus tugadh páipéir ina raibh an t-eolas is deireanaí don Údarás.
33	Cumarsáid Inmheánach	Curtha i gcrích	Soláthraíodh cumarsáidí inmheánacha trí nuachtlitir inmheánach na heagraíochta, trí laethanta ráithiúla caidrimh foirne, trí chruinnithe míosúla foirne uile agus trí ríomhphoist thráthrialta chuig an bhfoireann.
34	Acmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochta, lena n-áirítear earcaíocht, forbairt, oiliúint agus cultúr.	I mbaol	Beidh earcaíocht ina ní leanúnach maidir leis an líon folúntas a bheidh againn agus maidir leis an méid oibre atá i gceist le hearcaíocht. Déanfar gach réimse eile d'obair acmhainní daonna tríd an sruth oibre agus tríd an bhfoireann acmhainní daonna ar bhonn leanúnach agus tráthrialta.
35	Soláthar saoráidí, Leanúnachas gnó, agus Sláinte agus Sábháilteacht	Curtha i gcrích	Soláthraíodh seirbhísí saoráidí riachtanacha agus cuireadh feabhas suntasach ar shláinte agus sábháilteacht mar thoradh ar mholtaí iniúcháireachta a chur chun feidhme.

Uimhir	Gníomh	Stádas Dearg, Ómrach nó Glas amhail ráithe 4	An tEolas is Deireanaí ar Dhul Chun Cinn amhail ráithe 4
36	Seirbhísí soláthair agus formhaoirseacht ar an dóigh a mbítear ag cloí le hoibleagáidí soláthair	Curtha i gcrích	Cuireadh soláthairtí riachtanacha i gcrích ar fud réimsí éagsúla gnó.
37	Plean Alt 42 a chur chun feidhme	I mbaol	Tá plean Cur Chun Feidhme an Údarás Póilíneachta maidir le halt 42 foilsithe anois ar an suíomh Gréasáin; tá obair á dhéanamh chun na doiciméid a dhéanamh inrochtana; tarraingítear feasacht ar inrochtaineacht anuas ag cruinnithe bainistíochta agus tugtar aghaidh ar shaincheisteanna.
38	Clár Gníomhartha an Gharda Síochána	Curtha i gcrích	Cuirtear cruinnithe míosúla le hOifig Idirchaidrimh an Gharda Síochána don Údarás Póilíneachta agus le hOifig an Choimisinéara ar siúl; déanann an fhoireann athbhreithniú seachtainiúil ar Chlár Gníomhartha an Gharda Síochána; déantar plé agus faireachán go seachtainiúil ar stádas na n-iarrataí faisnéise ag an gcrúinniú bainistíochta; dúntar an chuid is mó de na hiarrataí faisnéise 'faoi athbhreithniú' chuig Clár Gníomhartha an Gharda Síochána; tugtar aghaidh ar roinnt iarrataí faisnéise chuig Clár Gníomhartha an Gharda Síochána go sonrach idir an Príomhfheidhmeannach agus pearsanra sinsearach ábhartha laistigh den Gharda Síochána.
39	Leanúnachas gnó	Gan a bheith curtha i gcrích	Ar an drochuair, ní raibh go leor ama ann sa bhliain 2023 chun an sprioc seo a bhaint amach mar gheall ar éilimh eile.
40	Comhairle dlí a sholáthar	Curtha i gcrích	Rinneadh comhairle dlí a lorg agus a fháil de réir mar ba ghá.
41	Seirbhísí TFC a sholáthar	Curtha i gcrích	Tá an soláthar TF á dhéanamh trí fhoireann inmheánach TFC agus trí thacaíocht agus óstáil ó Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais.
42	Cultúr agus Caidreamh Eagraíochta	Curtha i gcrích	Soláthraíodh laethanta caidrimh na foirne uile agus cuireadh seisiúin bhreise a bhaineann leis an aistriú ar siúl freisin.

## Aguisín 2 – Staitisticí Comórtais le haghaidh Cheapacháin Shinsearacha an Gharda Síochána 2023

Tábla 7: Staitisticí comórtais le haghaidh cheapacháin shinsearacha an Gharda Síochána 2023

Comórtas Roghnúcháin: Ard-Cheannfort 2023					
De réir céime	An Líon Iarratasóirí	De réir inscne	An Líon Iarratasóirí	De réir na hEagraíochta is Fostóir	An Líon Iarratasóirí
Ceannfort	84	Fir	88	An Garda Síochána	98
Céimeanna eile	22	Mná	18	Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann	8
Iomlán	106	Iomlán	106	Iomlán	106
Comórtas Roghnúcháin: Ceannfort 2023					
De réir céime	An Líon Iarratasóirí	De réir inscne	An Líon Iarratasóirí	De réir na hEagraíochta is Fostóir	An Líon Iarratasóirí
Cigire	177	Fir	141	An Garda Síochána	171
Céimeanna eile	3	Mná	39	Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann	9
Iomlán	180	Iomlán	180	Iomlán	180
Painéil a bunaíodh agus Ceapacháin 2023					
Céim	An Líon Iarrthóirí ar an bpainéal	An Líon Iarrthóirí a ceapadh (ag an 31/12/23)		Dáta Éaga an Phainéil	
Coimisinéir Cúnta	N/B	N/B		N/B	
Ard-Cheannfort	17	8		24 Nollaig 2024 <sup>12</sup>	
Ceannfort	23	8		19 Deireadh Fómhair 2024	

<sup>12</sup> Cheadaigh Comhaltai an Údaráis togra chun síneadh sé mhí go dtí an 24 Nollaig 2024 a chur leis an dáta éaga sin. Le linn déanamh amhlaidh, bhreithnigh siad roinnt tosca maolaitheacha, go háirithe an éiginnteacht a bhí i réim maidir le tosú an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus a inmhianaithe atá sé go n-aistreofaí an fheidhm ceapachán agus aon phainéil bheo agus aon taifid ghaolmhara chuig an nGarda Síochána ar bhealach ordúil.

## Aguisín 3 – Tuarascáil Airgeadais Achoimre 2023

Tábla 8: Caiteachas ar Vóta an Údaráis (faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste)

	Soláthar Meastacháin	Caiteachas
	€000	€000
<b>A (i) Tuarastail, Pá agus Liúntais</b>		
Tuarastail, etc.	2,679	2,397
Ragobair	-	-
<b>Iomlán A (i)</b>	<b>2,679</b>	<b>2,397</b>
<b>A (ii) Taisteal agus Cothú</b>		
1. Taisteal agus Cothú	68	34
2. Íocaíocht Fritháirithe Astaíochtaí Aerthaistil	2	-
<b>Iomlán A (ii)</b>	<b>70</b>	<b>34</b>
<b>A (iii) Oiliúint agus Forbairt agus Speansais Theagmhasacha</b>		
1. Oiliúint agus Forbairt Foirne	80	44
2. Caidreamh Poiblí agus Fógraíocht	65	15
3. Cruinnithe Poiblí	40	55
4. Foilseacháin, Tuarascálacha, Tréimhseacháin, etc.	20	8
5. Siamsaíocht	30	-
6. Ilghnéitheach	640	451
7. Táillí agus Speansais Comhaltaí	215	205
<b>Iomlán A (iii)</b>	<b>1,090</b>	<b>778</b>
<b>A (iv) Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide</b>		
Seirbhísí Poist	5	1
Teileachumarsáid	20	21
<b>Iomlán A (iv)</b>	<b>25</b>	<b>22</b>
<b>A (v) Trealamh Oifige agus Seirbhísí TF Seachtracha</b>		
1. Ríomhaire, etc. (Reatha)	129	98
2. Innealra Oifige agus Stáiseanóireacht	25	4
<b>Iomlán A (v)</b>	<b>154</b>	<b>102</b>
<b>A (vi) Costais Áitribh Oifige</b>		
1. Cothabháil	40	33
2. Teas, Solas agus Breosla	35	23
3. Troscán agus Feistis	40	0
<b>Iomlán A (vi)</b>	<b>115</b>	<b>56</b>
<b>A (vii) Seirbhísí Comhairleoireachta agus Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Pholasaithe</b>	<b>80</b>	-
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b>4,213</b>	<b>3,389</b>
<i>lúide</i>		
<b>B. Leithreasáí-i-gCabhair</b>	70	89
Tobhach Pinsin	-	-
Fáltais Ilghnéitheacha	70	89
<b>Iomlán na Leithreasáí-i-gCabhair</b>	<b>70</b>	<b>89</b>
<b>Glancaiteachas</b>	<b>4,143</b>	<b>3,300</b>

## Aguisín 4 – Ráiteas an Chathaoirligh faoi Rialú Inmheánach

Admhaím freagracht an Údaráis as an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Ní féidir lena leithéid de chóras rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú substaintiúil, a thabhairt in aghaidh earráid ábhartha. Le linn dó éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a bhreithniú, bíonn aird ag an Údarás ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, i measc nithe eile, agus tá dianiarracht á déanamh aige ó uair a bhunaithe i leith ceanglais an Chóid a chomhlíonadh a mhéid is cuí do ghníomhaireacht bheag neamhspleách neamhthráchtála, agus leanadh leis an obair sin le linn na bliana 2023.

Maidir leis na nósanna imeachta a cuireadh chun feidhme, agus iad deartha chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar, cuireadh in oiriúint iad chun méid agus castacht na heagraíochta agus cineál athraitheach an Údaráis a léiriú. Sa chomhthéacs sin, tugaim faoi deara gur bhain cion mór de chaiteachas an Údaráis sa bhliain 2023 le costais phá ar riar an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte iad agus, dá bhrí sin, tá siad faoi réir na gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear iniúchóireacht inmheánach, atá i bhfeidhm san eagraíocht sin. Déanann Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais seirbhísí eile acmhainní daonna, TFC agus próiseála idirbheart airgeadais a ghabháil de lámh thar ceann an Údaráis.

Rinne an tÚdarás roinnt beart chun a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- Freagrachtaí an lucht bainistíochta a shainiú go soiléir;
- Deighilt shoiléir a chur ar bhonn foirmiúil idir feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis agus na Foirne Feidhmiúcháin;
- Ceanglais tuairiscithe thráthrialta a shocrú maidir le nithe airgeadais, riosca agus rialachais;
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a chur ar bun;
- Cód Iompair a bhunú agus a fhoilsiú do Chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis;
- A chinntiú go bhfuil baill foirne oilte go cuí agus go bhfuil an taithí chuí acu; agus
- Féachaint le cultúr láidir agus luachanna láidre lena spreagtar ardchaighdeán iompraíochta eiticiúla ar fud na heagraíochta a bhunú.

Le linn na bliana 2023, bhí aird leanúnach ag an Údarás ar oibriú a chórais bainistíochta riosca chun rioscaí gnó a shainaithint agus chun impleachtaí na rioscaí sin a mheas. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca formhaoirseacht ar oibriú an chórais bainistíochta riosca. Buanmhír ar an gclár oibre ag cruinnithe míosúla an Údaráis is ea riosca, ar lena linn a dhéantar an Tuarascáil Bainistíochta Riosca a athbhreithniú, a dhéantar faireachán ar ardrioscaí agus ar ghníomhartha maolaithe agus a thugtar aghaidh ar riosca i gcomhthéacs na gcinntí suntasacha uile ón Údarás.

Sa bhliain 2023, leanamar dár gcóras oibre hibridí, atá comhdhéanta d'obair san oifig, de chianobair agus de chuairteanna ar láithreáin. Lean an Fhoireann Ardbhainistíochta, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, Iniúcháirí Inmheánacha agus an tÚdarás d'aird ghéar a thabhairt ar an tionchar atá aige sin ar oibríochtaí an Údaráis i gcoitinne agus ar an timpeallacht rialaithe ina n-oibríonn an tÚdarás.

Ba iad rioscaí a bhaineann leo seo a leanas na rioscaí suntasacha a sainaithníodh sa bhliain 2023:

- Athruithe i gcomhaltas an Údaráis, lena n-áirítear an t-athrú maidir leis an gCathaoirleach an 31 Nollaig 2023;
- Nithe a bhaineann le baill foirne a earcú, a choinneáil agus a fhorbairt, á chinntiú go mbíonn go leor acmhainne ag an Údarás chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh;
- Na hullmhúcháin leanúnacha le haghaidh thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024;
- An obair ullmhúcháin chomhpháirteach chun an t-aistriú faoin Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, chuig an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail nua a chumasú – ag cumasc le Cigireacht an Gharda Síochána;
- Mór-athruithe sa bhonneagar póilíneachta agus sa bhonneagar formhaoirseachta póilíneachta a eascraíonn as an Acht thuas.

D'fhreagair an tÚdarás do na rioscaí sin sa bhliain 2023 trí na gníomhartha seo a leanas:

- Buanmhíreanna a bhaineann leis an aistriú agus leis an Acht a chur ar áireamh i gclár oibre gach cruinnithe de chuid an Údaráis, i gclár oibre gach cruinnithe de chuid na foirne ardbhainistíochta agus i gclár oibre gach cruinnithe bainistíochta chun freagairtí réamhghníomhacha críochnúla do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn a chumasú;
- Cur chuige cuimsitheach a choinneáil ar bun i leith gníomhaíocht aistrithe atá faoi stiúir ag an bhfoireann ardbhainistíochta agus atá á déanamh i gcomhpháirt le Cigireacht an Gharda Síochána;
- Caidreamh fairsing le comhpháirtithe, lena n-áirítear an Roinn Dlí agus Cirt agus Cigireacht an Gharda Síochána, maidir le dul chun cinn an Bhille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail tríd an bpróiseas reachtach go dtí gur achtaíodh é i mí Feabhra 2024.

Áirítear iad seo a leanas leis na nósanna imeachta maidir le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha:

## **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile cúig huaire sa bhliain 2023. Tíolacadh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste don Údarás i mí an Mhárta 2024 agus cuirfear ar fáil í lena léamh ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Tugtar mionsonraí suntasacha i dTuarascáil Bhliantúil an Choiste maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh sa bhliain 2023 chun cuimsitheacht, iontaofacht agus iomláine na timpeallachta rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú. Áirítear leis sin na próisis agus nósanna imeachta a bhaineann le hiniúchóireacht inmheánach, le bainistíocht riosca agus le rialachas agus tá sé bunaithe go páirteach ar an ngníomhaíocht bhliantúil a dhéanann an Soláthraí Iniúchóireachta Inmheánaí agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, mar iniúchóir seachtrach an Údaráis. Áirítear leis an ngníomhaíocht sin an t-athbhreithniú bliantúil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh – rud a ndearna an soláthraí Iniúchóireachta Inmheánaí é i ráithe 1 den bhliain 2023 agus a tíolacadh don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i mí an Mhárta 2024 – agus iniúchadh bliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ar tíolacadh na torthaí air don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i mí Mheán Fómhair 2023 i ndáil le Cuntas Leithreasa 2022.

Sa bhrollach uaidh, luann Cathaoirleach an Choiste an méid seo a leanas: *“Ar bhonn a bhreithniúchán le linn na bliana atá imithe thart, mar atá leagtha amach [sa tuarascáil], is deimhin leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca go dtugtar aghaidh leis na rialuithe atá i bhfeidhm ar an raon rioscaí airgeadais, oibriúcháin, clú agus straitéiseacha atá os comhair an Údaráis agus go bhfuil na rialuithe sin leordhóthanach agus ag oibriú go sásúil, agus gur féidir a bheith ag brath orthu, dá bhrí sin, chun dearbhú a thabhairt don Údarás agus don Oifigeach Cuntasaíochta”.*

Dá réir sin, is deimhin liom gur chomhall an Coiste a ról go cuí le linn na bliana.

## Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá an tÚdarás tiomanta do chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn agus aithníonn sé nach iad na méadrachtaí eacnamaíocha na méadrachtaí tábhachtacha amháin do chomhlachtaí Stáit, ach go n-áirítear leo freisin méadrachtaí cultúir, éagsúlachta agus cuimsithe mar aon le folláine na ndaoine atá á bhfostú, rud lena gothaítear caidreamh níos fearr i measc na foirne agus na ngeallsealbhóirí agus lena gcumasaítear torthaí níos fearr a bhaint amach do shaoránaigh agus do phobail dá bharr.

Is ag an Aire Dlí agus Cirt atá an tsainphribhléid i ndáil le Comhaltaí an Údaráis a cheapadh agus, dá bhrí sin, i ndáil le nithe a bhaineann le héagsúlacht chomhaltas an Údaráis. Féachann an tÚdarás, áfach, lena chinntiú go mbeidh éagsúlacht tuairimí, eispéreas agus dearchtaí ina cuid lárnach d’obair an Údaráis trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Raon fairsing tuairimí a iarraidh ó Chomhaltaí an Údaráis, ó chomhaltaí coistí agus ó bhaill foirne ag gach cruinniú de chuid an Údaráis agus a Choistí agus fáiltiú roimh na tuairimí sin;
- Tabhairt faoi chlár fairsing caidrimh le geallsealbhóirí i gcomhlíonadh fheidhmeanna formhaoirseachta an Údaráis. Áirítear leis sin díriú ar eispéreas na bpobal éagsúil, lena n-áirítear éagsúlacht i ndáil leo seo a leanas: eitneacht, cine, inscne, stádas socheacnamaíoch, etc.;
- Caidreamh leis an bpobal taighde, lena n-áirítear taighde a choimisiúnú chun eispéreas na bpobal mionlaigh agus éagsúil a ghabháil agus chun cloisteáil ó na pobail sin; agus,
- Díriú ar chearta an duine le linn breithniú agus measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht póilíneachta agus ar an mórghníomhaíocht formhaoirseachta.

